# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# GNÁTHLEIBHÉAL

# EACNAMAÍOCHT
# GNÁTHLEIBHÉAL

# Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta

Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach.

I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.

Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.

Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | **Roinn A** | **3 - 6** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Iomaíocht Fhoirfe agus praghsanna Peitril / Díosail** | **7 - 10** |
| **2** | **Éileamh, Soláthar agus Margadh** | **11 - 13** |
| **3** | **Saothar, an Earnáil Phoiblí agus Ganntanas TF** | **14 - 17** |
| **4** | **Príobháidiú, 'Cáin Siúcra', Bearta i gCáinaisnéis 2013** | **18 - 21** |
| **5** | **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim, Caiteachas na dTomhaltóirí agus 'an Geilleagar Dubh'** | **22 - 24** |
| **6** | **Eisimirce, Aosú an Daonra, Dífhostaíocht** | **25 - 28** |
| **7** | **Trádáil agus Corparáidí Ilnáisiúnta** | **29 - 32** |
| **8** | **Coigilteas, Dúnadh Banc, Airgeadra agus an Euro** | **33 - 36** |

## ROINN A

**1.** Scríobh síos, sna spásanna folmha thíos, an toisc tháirgeachta a léiríonn gach ceann díobh seo a leanas:

**Siúinéir** **Úinéir Gnólachta** **Gás Nádúrtha** **Foirgnimh**

| Toisc | TALAMH | SAOTHAR | CAIPITEAL | FIONTAR |
|---|---|---|---|---|
| Léirithe ag | **Gás Nádúrtha** | **Siúinéir** | **Foirgnimh** | **Úinéir Gnólachta** |

**2 cheann ar 6 mharc agus 2 cheann ar 2 mharc**

**2.** Bíonn tionchar ag roinnt de na tosca a shonraítear thíos ar **sholáthar earraí an ghnólachta aonair**. Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** i ndiaidh gach abairte díobh seo a leanas. **(16 mharc)**

| | ABAIRT | FÍOR nó BRÉAGACH |
|---|---|---|
| **(i)** | Praghas an earra féin. | **FÍOR** |
| **(ii)** | Costas Saothair. | **FÍOR** |
| **(iii)** | Dúil an tomhaltóra san earra/tosaíocht an tomhaltóra don earra. | **BRÉAGACH** |
| **(iv)** | An staid ina bhfuil teicneolaíocht táirgeachta an ghnólachta. | **FÍOR** |

**2 cheann ar 6 mharc agus 2 cheann ar 2 mharc**

**3.** Tá an ceannach ar líne (i.e. ag úsáid an Idirlín) a dhéanann tomhaltóirí na hÉireann ag fás gach bliain.
(*Irish Independent,* Deireadh Fómhair 2012) **(16 mharc)**

Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** leis an bhfás seo agus ar iarmhairt eacnamaíoch **amháin** atá aige ar mhiondíoltóirí na hÉireann.

**Cúis:**

1. **Rogha níos fearr:** Rogha níos fearr ná mar atá ar fáil i do bhaile áitiúil.
2. **Úsáid níos mó as i measc miondíoltóirí:** díolacháin agus brabúis mhéadaithe dá bharr.
3. **Praghsanna iomaíocha:** féadfaidh miondíoltóirí praghsanna níos ísle a thabhairt ar líne de bharr díolacháin mhéadaithe / costais níos ísle / barainneachtaí scála / féadfaidh miondíoltóirí lascainí a thabhairt do cheannaitheoirí ar líne.
4. **Muinín tomhaltóirí:** bíonn níos mó muiníne ag tomhaltóirí ceannach ar líne de bharr infhaighteacht ar an Idirlíon / modhanna íocaíochta níos sláine.
5. **Áisiúlacht:** féadfaidh daoine ceannach óna dtithe féin 24/7.
6. **Rochtain leathanbhanda:** tá feabhas tagtha air agus tá rochtain ar an Idirlíon níos éasca agus níos tapúla.

**Iarmhairt Eacnamaíoch:**

1. **Díolacháin mhéadaithe féideartha:** Ardóidh díolacháin agus brabúis mar go gceannóidh níos mó tomhaltóirí earraí ar líne.
2. **Costais laghdaithe:** Seans go dtitfeadh costais oibriúcháin do mhiondíoltóirí / ní theastóidh an oiread foirne.
3. **Díolacháin laghdaithe féideartha:** Má roghnaíonn daoine ceannach ar líne agus nach gceannaíonn siad sa siopa, d'fhéadfaí siopaí miondíola a dhúnadh e.g. siopaí HMV in Éirinn.
4. **Líon foirne laghdaithe:** Ní theastaíonn an líon foirne céanna do ghnólacht ar líne.
5. **Infheistíocht ghnó:** ina ngnólacht ar líne le hiomaíocht a dhéanamh i margadh athraitheach.

**10 marc + 6 mharc**

**4.** Dúirt an t-eacnamaí, John Maynard Keynes, go mbíonn trí chúis ag daoine lena gcuid maoine a choinneáil i bhfoirm airgead tirim. Mínigh **gach cúis** díobh go hachomair sna spásanna cuí thíos. **(16 mharc)**

| | |
|---|---|
| **Cúiseanna Idirbheartaíochta** | **Teastaíonn airgead ó dhaoine chun earraí agus seirbhísí a cheannach** |
| **Cúiseanna Réamhchúramacha** | **Teastaíonn airgead le haghaidh éigeandálaí / le haghaidh 'na coise tinne'.** |
| **Cúiseanna Amhantracha** | **Teastaíonn airgead le teacht i dtír ar na deiseanna féideartha brabúsacha infheistíochta.** |

## 10 marc + 3 mharc + 3 mharc

**5.** Tá laghdú tagtha ar an gcúnamh airgeadais a thugann saoránaigh na hÉireann d'eagraíochtaí a chabhraíonn le saoránaigh i dTíortha Tearcfhorbartha (LDCs i mBéarla). Luaigh **cúis amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an laghdú seo ar an gcúnamh agus luaigh iarmhairt eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith air sin do shaoránaigh na dTíortha Tearcfhorbartha. **(16 mharc)**

**Cúis**:

1. **Dífhostaíocht:** Tá a bpoist caillte ag daoine agus níl siad in ann an oiread céanna cúnaimh a dheonú.
2. **Ioncam laghdaithe:**
   Ní bhíonn oibrithe a bhfuil ioncam laghdaithe acu (de bharr gearrthacha pá / cáin níos airde) in ann an oiread céanna cúnaimh a dheonú.
3. **Imní maidir leis an áit a bhfuil an cúnamh ag dul:**
   B'fhéidir go mbeadh imní ar dhaoine nach gcuirtear an cúnamh ar fáil dóibh siúd óna dteastaíonn sé.
4. **Imní maidir le costais riaracháin:**
   B'fhéidir go mbeadh imní go n-úsáidtear cuid mhór den chúnamh i gcomhair riaracháin seachas do na daoine féin.

**Iarmhairt Eacnamaíoch:**

1. **Laghdú ar an gcaighdeán maireachtála**
   Agus níos lú airgid ag gabháil isteach sa gheilleagar, tiocfaidh meath ar an meánchaighdeán maireachtála.
2. **Meath ar bhonneagar**
   Is iad na himpleachtaí lena mbaineann cúnamh laghdaithe go gcaithfidh an rialtas / eagraíochtaí deonacha níos lú airgid ar an mbonneagar agus go mbeidh an geilleagar thíos leis na hiarmhairtí.
3. **Bochtaineacht / gorta méadaithe**
   Is gnách gurb iad na daoine siúd a bhraitheann ar chúnamh airgeadais na daoine is boichte agus, ar an ábhar sin, is iad seo is mó a bheidh thíos leis, agus is í bochtaineacht mhéadaithe laistigh de thíortha tearcfhorbartha a eascróidh as seo.
4. R**átaí báis méadaithe**
   Dá n-úsáidfí an cúnamh airgid chun bia/leigheas a cheannach d'fhéadfadh ardú teacht ar an ráta báis mura mbeadh sé ar fáil.
5. **Meath ar sholáthar seirbhísí**
   D'fhéadfadh sé nach bhfuil an oiread céanna airgid ar fáil do sheirbhísí riachtanacha, e.g. oideachas, soláthar cúram sláinte, sláintíocht, etc.

## 10 marc + 6 mharc

**6.** Déanann gnólacht troscáin 5 tholg in aghaidh na seachtaine. Gnóthaítear €1,500 san iomlán as na cúig tholg seo a dhíol. Íocann an gnólacht na costais táirgeachta seo a leanas ar na cúig tholg:

**Amhábhair**: €400; **Árachas ar Áitreabh**: €100; **Pá**: €500; **Cíos ar Áitreabh**: €300.

(a) Scríobh, sna spásanna cuí thíos, cén dá cheann acu sin atá ina gcostais sheasta agus cén dá cheann acu atá ina gcostais athraitheacha.

| **Costais Sheasta** | | **Costais Athraitheacha** | |
|---|---|---|---|
| 1. **Árachas** | 2**. Cíos** | 1. **Amhábhair** | 2. **Pá** |

**Ceann amháin ar 3 mharc + 3 cinn ar 2 mharc an ceann**

(b) Ríomh iad seo a leanas (Taispeáin do chuid oibre.):

(i) An **costas iomlán** ar na 5 tholg tháirgeadh:

**€400 + €100 + €500 + €300 = €1,300**

**5 mharc**

(ii) An **brabús** a dhéantar ar iomlán na ndíolachán:

**€1,500 - €1,300 = €200.**

**3 mharc**

**7.** 'Le linn na bliana seo caite, chuir níos mó ná 60,000 duine a bpolasaithe árachais sláinte phríobháidigh ar ceal.' (An tÚdarás Árachais Sláinte, Nollaig 2012)

Luaigh cúis eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag daoine a chuir a bpolasaithe ar ceal agus luaigh iarmhairt eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ar an laghdú seo don árachas sláinte príobháideach. . **(17 marc)**

**Cúis Eacnamaíochta**:

1. **Préimheanna sláinte ardaithe:** De bharr préimheanna arda tá sé an-chostasach agus tá a bpolasaithe curtha ar ceal ag daoine.
2. **Dífhostaíocht:** Níl daoine atá dífhostaithe in acmhainn a bpréimheanna a íoc anois.
3. **Cánachas níos airde:** Tá ioncam íslithe ag daoine de bharr cánacha níos airde.
4. **Tá daoine sásta fanacht** ar choinní neamhéigeandála sa chóras sláinte poiblí.
5. **Deischostas:** b'fhéidir gurbh fhearr le daoine a n-ioncam a chaitheamh ar rudaí atá de dhíth orthu anois seachas ar árachas in aghaidh rud éigin a d'fhéadfadh tarlú.

**Iarmhairt Eacnamaíoch:**


1. **Brú níos mó ar sheirbhísí sláinte a mhaoinítear go poiblí:** Brú níos mó ar na seirbhísí a chuireann ospidéil phoiblí ar fáil.
2. **Brú níos mó ar airgeadas an rialtais / cánachas ardaithe**
   Caithfidh an Rialtas maoiniú do sheirbhísí sláinte an stáit a ardú / cánacha a ardú seans.
3. **Daonra nach bhfuil chomh sláintiúil / neamhláithreacht sa lucht oibre:**
   Seans go dtabharfaidh daoine neamhaird ar cheisteanna sláinte de bharr costais mhéadaithe árachais.
4. B'fhéidir go mbeadh ar **chuideachtaí árachais sláinte phríobháidigh** táillí na mball a ardú le leanúint leis na seirbhísí reatha / brabúis a chothabháil / leagan as foirne

**11 mharc + 6 mharc**

**8.** Sa léaráid thíos léirítear gnólacht **Monaplachta** i gcothromaíocht.

(a) Ainmnigh gach ceann de na cuair atá uimhrithe ó **1** go **3**. Úsáid an freagarbhosca atá ar fáil.

(b) Taispeáin ar an léaráid **an praghas** ar a ndíolfaidh an gnólacht a gcuid earraí *agus* **meánchostas a táirgeachta**.




**FREAGARBHOSCA**

| Cuar | Ainm | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | Costas Imeallach | 5 (3+2) |
| 2 | Meánchostas | 5 (3+2) |
| 3 | Ioncam Imeallach | 5 (3+2) |

**(17 marc)**

## 2 mharc (1+1)

**9.** Má thógtar Ospidéal Náisiúnta na bPáistí mar atá beartaithe, cuirfidh sé le bonneagar na hÉireann. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus tabhair breac-chuntas ar shochar eacnamaíoch **amháin** atá le baint ag an ngeilleagar as an togra **seo**.

**(17 marc)**

**Míniú:**

- Earraí/seirbhísí atá riachtanach le haghaidh reáchtáil gan stró geilleagair.
- Earraí/seirbhísí a theastaíonn ón tionscal le feidhmiú i gceart.
- Trealamh caipitil a úsáidtear le seirbhísí ar a bhfuil fáil phoiblí a sholáthar.


**Sochar eacnamaíoch:**

1. **Cúram sláinte feabhsaithe** do leanaí in Éirinn.
2. **Costais laghdaithe** i soláthar seirbhísí sláinte de bharr barainneachtaí scála.
3. **Fostaíocht** dóibh siúd atá bainteach leis an gcéim tógála.
4. **Fostaíocht i gcuideachtaí seachthairbhe** ag soláthar seirbhísí éagsúla.
5. Ardóidh **ioncam an Rialtais** trí CBL agus cánacha párolla ardaithe.

## 7 marc + 10 marc

| C1 Iomaíocht Fhoirfe agus praghsanna Peitril / Díosail |
|---|

Sa léaráid thíos taispeántar Cothromaíocht Fhadtréimhseach gnólachta atá in **Iomaíocht Fhoirfe**.




(a) (i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.
Críochnaigh / scríobh amach ina iomláine gach ceann de na **sé** lipéad a bhfuil líne fúthu.

(ii) Bíonn cothromaíocht ann ag an b**pointe E** ar an léaráid.
Taispeáin ar do léaráid:

- an t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht; (úsáid an lipéad $Q_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo; (úsáid an lipéad $C_1$)
- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar an aschur seo. (úsáid an lipéad $P_1$)

**(30 marc)**

(i) Críochnaigh / scríobh amach ina iomláine gach ceann de na **sé** lipéad a bhfuil líne fúthu.

**24 mharc**

| Lipéad | Teideal Iomlán: | |
|---|---|---|
| P | Praghas | **4 mharc** |
| C | Cainníocht | **4 mharc** |
| MCh | **Meán**chostas | **4 mharc (2 + 2)** |
| CI | Costas **Imeallach** | **4 mharc (2 + 2)** |
| MI | **Meán**ioncam | **4 mharc (2 + 2)** |
| II | Ioncam **Imeallach** | **4 mharc (2 + 2)** |

(ii) Bíonn cothromaíocht ann ag an b**pointe E** ar an léaráid. **6 mharc**
Taispeáin ar do léaráid:

- an t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht; (úsáid an lipéad $Q_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo; (úsáid an lipéad $C_1$)
- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar an aschur seo. (úsáid an lipéad $P_1$)

| | |
|---|---|
| **$Q_1$** | **an t-aschur a tháirgfidh an chuideachta** |
| **$C_1$** | **meánchostas táirgeachta an aschuir seo** |
| **$P_1$** | **an praghas a ghearrfar ar an aschur seo** |

**3 cinn ar 2 mharc an ceann**

(b) Is ceann de shaintréithe na hIomaíochta Foirfe é gur '<u>earraí aonchineálacha</u>' iad na hearraí go léir a tháirgtear..

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh **dhá** shaintréith eile de chuid na hiomaíochta foirfe.
(iii) Scríobh nótaí gearra ar **gach ceann** de na dhá shaintréith eile seo. **(21 marc)**

(i) **Earraí aonchineálacha: 7 marc**

Soláthraíonn na táirgeoirí earraí comhionanna.

**(ii) Saintréithe na hIomaíochta Foirfe:**

**Tá mórán ceannaitheoirí sa tionscal.**
- Ní fhéadann ceannaitheoir aonair ar bith tionchar a imirt ar phraghas margaidh na n-earraí trína c(h)uid gníomhaíochtaí féin.

**Tá mórán díoltóirí sa tionscal.**
- Ní fhéadann díoltóir aonair ar bith tionchar a imirt ar phraghas margaidh na n-earraí trína c(h)uid gníomhaíochtaí féin.

**Saorchead isteach agus amach.**
- Ní fhéadann cuideachtaí atá sa tionscal cheana féin aon bhac a chur ar chuideachtaí nua dul isteach sa tionscal.
- Ní ann do bhacainní ar iontráil laistigh den tionscal.
- Féadann cuideachtaí dul isteach sa tionscal nó é a fhágáil de réir mar is mian leo.

**Eolas foirfe** [maidir le brabúis a rinne cuideachta eile / praghsanna á n-athrú ar an margadh.]
- Tá eolas iomlán ag gach cuideachta sa mhargadh maidir leis na brabúis a dhéanann na cuideachtaí eile sa tionscal.
- Tá tomhaltóirí ar an eolas faoi na praghsanna atá á ngearradh ar tháirgí éagsúla.

**Déanann an chuideachta iarracht brabúis a uasmhéadú.**
- Is é aidhm gach cuideachta an chainníocht a sholáthar inarb ionann CI = II.
- Déanfaidh gach cuideachta iarracht costais a íoslaghdú.

**Soláthar leaisteach tosca táirgeachta**
- Féadann cuideachtaí tosca ganna táirgeachta a fháil ar phraghsanna reatha.
- Ní mhéadóidh ganntanas tosca táirgeachta na praghsanna/

**Níl aon chlaonpháirteachas sa mhargadh.**
- Ní thagann ceannaitheoirí le chéile le ceannaitheoirí eile chun tionchar a imirt ar an bpraghas.
- Ní thagann díoltóirí le chéile le díoltóirí eile chun tionchar a imirt ar an bpraghas ag a ndíoltóir táirge.

## 2 cheann ar 7 marc (4+3) an ceann

(c) Tháinig méadú ar phraghas peitril agus díosail in Éirinn le blianta beaga anuas.

(i) Luaigh agus mínigh **cúis amháin** atá leis na harduithe seo.

(ii) Luaigh agus mínigh iarmhairt eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ar praghsanna arda peitril/díosail do **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Tiománaithe na hÉireann;
- Geilleagar na hÉireann.

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cabhrú leis na costais ar thiománaithe na hÉireann a laghdú. **(24 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh **cúis amháin** atá leis na harduithe seo.

1. **Méadú ar chánachas indíreach**
   Tá an ráta CBL ar pheitreal agus ar dhíosal seo ardaithe ag an rialtas.

2. **Praghsanna ola idirnáisiúnta ag ardú**
   Tá praghsanna ola idirnáisiúnta ardaithe de bharr éileamh ardaitheach mar aon le ganntanas soláthair.

3. **Laghdú ar luach an euro**
   Nuair a thiteann luach an euro, d'fhéadfadh sé a bheith níos costasaí ola a cheannach ar mhargaí idirnáisiúnta mar gur i ndollair Mheiriceá a bhíonn a praghas.

4. **Infhaighteacht ola**
   Laghdaíonn corraíl pholaitíochta sa Libia, hairicíní i SAM soláthar ola agus d'fhéadfadh an praghas ardú.

**4 mharc (2+2)**

(ii) Iarmhairt eacnamaíoch **amháin** ar gach ceann díobh seo a leanas:

| Catagóir | Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|---|
| **Tiománaithe na hÉireann** | • Costas méadaithe an iompair<br>• Ciorruithe sa líon turas / carr-roinnt<br>• Athraigh chuig feithiclí níos tíosaí | • Ioncam indiúscartha níos lú agus caighdeán níos ísle maireachtála.<br>• Le cuidiú le costais a laghdú tig le tiománaithe gearradh siar ar thurais gan ghá.<br>• D'fhéadfadh sé a bheith níos saoire carranna leictreacha a oibriú. |
| **Geilleagar na hÉireann** | • Boilsciú<br>• Caillteanais phost fhéideartha | • D'fhéadfaí costais ardaithe iompair a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos airde.<br>• Mar gheall ar ioncam indiúscartha laghdaithe, laghdóidh éileamh tomhaltóra agus d'fhéadfadh caillteanais phost a bheith mar thoradh air sin. |

**1 iarmhairt eacnamaíoch amháin in aghaidh na catagóire: 2 cheann ar 5 mharc (2+3) an ceann**

(iii) **Dhá** bheart a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cabhrú leis na costais ar thiománaithe na hÉireann a laghdú:

1. **Cánachas indíreach a laghdú**
Trí CBL / dleachtanna máil a laghdú, thitfeadh costas peitril / díosail go huathoibríoch.

2. **Costas an NCT a laghdú**
Teastaíonn an tástáil náisiúnta carranna ar charranna níos sine, a ardaíonn costais do thiománaithe na hÉireann. Dá laghdófaí costais an NCT, laghdófaí costais do thiománaithe na hÉireann.

3. **Laghdaigh cáin ghluaisteáin**
I gCáinaisnéis 2013, d'ardaigh an rialtas rátaí cánachais gluaisteáin. Dá n-aisiompófaí na harduithe, ní bheadh costais chomh hard ar thiománaithe na hÉireann.

4. **Laghdaigh CBL ar dheisiúcháin carranna**
Chuideodh laghdú ar CBL ar dheisiúcháin carranna le costais do thiománaithe a laghdú.

**2 bheart ar 5 mharc (2 + 3) an ceann**


## C2 Éileamh, Soláthar agus Margadh

(a) Taispeánann an t-eolas thíos sceidil éilimh agus soláthair an Apple iPad ar an margadh.

| **Praghas €** | **An Chainníocht a Éilítear (aonaid)** | **An Chainníocht a Sholáthraítear (aonaid)** |
|---|---|---|
| 300 | 1,000 | 200 |
| 400 | 800 | 400 |
| 500 | 600 | 600 |
| 600 | 400 | 800 |
| 700 | 200 | 1,000 |

Bain úsáid as an eolas thuas agus as léaráid **amháin**: (féadfaidh tú grafpháipéar a úsáid más mian leat)

(i) Tarraing cuar an éilimh ar an iPad ar an margadh **agus** cuir lipéid air;
(ii) Tarraing cuar an tsoláthair iPad-anna ar an mhargadh **agus** cuir lipéid air;
(iii) Taispeáin ar do léaráid:
- Praghas cothromaíochta an iPad ar an margadh
- Cainníocht chothromaíochta an iPad ar an margadh. **(30 marc)**
-




**Graf: D/C: 5 phointe × 2 mharc an ceann = 10 marc**
**S/C: 5 phointe × 2 mharc an ceann = 10 marc**
**Lipéid: P, Q, D/C agus S/C = 4 mharc.** (4 × 1 mharc an ceann).
**$P_e$ agus $Q_e$ : 2 × 3 mharc an ceann = 6 mharc.**

(b) (i) Mínigh **aon dá cheann** de na téarmaí eacnamaíochta seo a leanas:
Earra Normálta / Earra Ionaid / Earra Comhlántach.

(ii) Chuir Samsung, iomaitheoir de chuid Apple, táirge cosúil leis an iPad (Samsung Galaxy Tab 10) ar an margadh ar phraghas níos iomaíche.

- Luaigh agus mínigh tionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar chuar an éilimh ar an Apple iPad ar an margadh.
- Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh Apple a dhéanamh le tomhaltóirí a mhealladh chun leanúint ar aghaidh ag ceannach an iPad acu féin. **(25 marc)**

(i)

| Earra Normálta | Earra Ionaid | Earra Comhlántach |
|---|---|---|
| Ceannaíonn tomhaltóir níos mó den earra seo de réir mar a ardaíonn a (h)ioncam.<br><br>Éifeacht ioncaim dhearfach.<br><br>Umhal do dhlí an éilimh. | Earraí a shásaíonn an gá céanna a shásaíonn earraí eile.<br><br>Earraí a fhéadtar a chaitheamh / a úsáid in áit cinn eile.<br><br>Earraí a fhéadtar a úsáid mar mhalairt ar earraí eile. | Earraí a úsáidtear i gcomhar lena chéile / a úsáidtear le chéile.<br><br>Titeann an t-éileamh ar earra eile mar gheall ar ardú praghais. |

## 2 mhíniúchán ar 5 mharc an ceann

(ii) Chuir Samsung, iomaitheoir de chuid Apple, táirge cosúil leis an iPad (Samsung Galaxy Tab 10) ar an margadh ar phraghas níos iomaíche.

- Luaigh agus mínigh tionchar **amháin** a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar chuar an éilimh ar an Apple iPad ar an margadh.
  - ✓ Athróidh cuar an éilimh **ar chlé.**
  - ✓ D'fhéadfaí líon níos lú iPadanna a éileamh mar go n-athraíonn tomhaltóirí chuig an Samsung Galaxy de bharr a phraghas a bheith níos iomaíche.

## Athraíonn an D/C ar chlé: 2 mharc. Míniúchán: 3 mharc

- Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh Apple a dhéanamh le tomhaltóirí a mhealladh chun leanúint ar aghaidh ag ceannach an iPad acu féin.

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Laghdaigh praghas an iPad** | Beidh sé níos iomaíche ansin leis an Samsung Galaxy agus meallfaidh sé níos mó tomhaltóirí. |
| **Nuálaíocht /<br>dearadh feabhsaithe /<br>sonraíocht a athrú /<br>fógraíocht** | Feabhsaigh na sonraíochtaí teicniúla chun go mbeidh sé níos mealltaí ná an Galaxy.<br>D'fhéadfadh Apple na hathruithe seo a chur chun cinn trí fhógraíocht bhreise. |
| **Aipeanna breise<br>'Aiscíní'** | An líon aipeanna a fhairsingiú chun go gcuireann an iPad níos mó aipeanna ar fáil ná an Galaxy agus go bhfuil sé níos soláimhsithe.<br>D'fhéadfadh éileamh ardú má thugtar clúdaigh saor in aisce do cheannaitheoirí. |
| **Cúnamh ar líne** | Cuir cúnamh ar líne (saor in aisce) ar fáil do thomhaltóirí chun go mbeidh sé níos iomaíche ná Samsung. |

## 2 bheart ar 5 mharc (2+3) an ceann

(c) Tá costas airgeadais agus deischostas ag baint le Apple iPad a cheannach.

(i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Déan plé ar an bhfáth ar chóir **gach** costas acu a chur san áireamh sula gceannaítear earra.

**(20 marc)**

| | Costas airgeadais | Deischostas |
|---|---|---|
| Míniúchán | • Is é seo an **costas airgid** a bhaineann le iPad a cheannach. | • Costas na roghanna eile a tharscaoiltear.<br>• Costas an chéad rogha eile is fearr a scaoileadh tharat agus rogha á déanamh agat.<br>• An líon earraí / seirbhísí eile a d'fhéadfaí a cheannach in ionad an iPad. |
| | **6 mharc** | **6 mharc** |
| An fáth ar chóir gach costas acu a chur san áireamh sula gceannaítear earra? | • An bhfuil an tomhaltóir in acmhainn an táirge a cheannach bunaithe ar a (h)ioncam reatha?<br>• An bhfuil luach ar airgead le fáil ón táirge?<br>• An gcaithfear airgead a fháil ar iasacht chun an táirge a cheannach? | • Céard atá á thabhairt suas ag an tomhaltóir chun an táirge a cheannach?<br>• An féidir déanamh gan an t-earra eile? |
| | **5 mharc** | **3 mharc** |

## C3 Saothar, an Earnáil Phoiblí agus Ganntanas TF

Tuilleann an toisc tháirgeachta saothar íocaíocht ar a dtugtar pá.

(a) (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a n-íoctar rátaí difriúla pá le haghaidh obair dhifriúil.
(iii) Mínigh an téarma **so-aistritheacht ghairme an lucht saothair** agus tabhair breac-chuntas ar thoisc **amháin** a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar sho-aistritheacht ghairme oibrí.

**(25 marc)**

(i) **Saothar:**

Sainmhínítear saothar mar an iarracht dhaonna atá bainteach le táirgeadh earraí agus seirbhísí.

**7 marc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a n-íoctar rátaí difriúla pá le haghaidh obair dhifriúil.

1. **Scileanna éagsúla**
Athraíonn na scileanna a bhaineann le poist éagsúla agus tá pá ar cóimhéid leis an leibhéal scile atá ag baint leis e.g. faigheann dochtúir ráta pá níos airde ná altra.

2. **Oiliúint**
Gheobhaidh oibrithe a dhéanann tréimhsí oiliúna níos faide leibhéil phá níos airde.
e.g. gheobhaidh altra a dhéanann oiliúint agus a éiríonn níos speisialaithe pá níos airde.

3. **Cáilíochtaí oideachais**
Go ginearálta, bíonn leibhéil phá ag leanúint na gcáilíochtaí oideachais atá bainte amach ag an oibrí.

4. **Cineál agus Coinníollacha an phoist**
D'fhéadfadh siad seo athrú ó phost go post agus léiríonn leibhéil phá é seo.
e.g. obair chontúirteach, uaireanta míshóisialta, agus nádúr sealadach an phoist.

5. **Láidreacht idirbheartaíochta cheardchumann na n-oibrithe**
Má tá oibrí mar bhall de cheardchumann láidir, d'fhéadfadh an ceardchumann seo leibhéil phá a fháil atá de réir tháirgiúlacht ioncam imeallach na n-oibrithe.

6. **Traidisiúin a bhaineann le poist áirithe**
Tá sé féideartha dóibh siúd atá páirteach i ngairmeacha féinrialaithe i.e. iad siúd i ngairmeacha an dlí / na cuntasaíochta leibhéil phá arda a chothabháil mar gheall ar an traidisiún a bhaineann leis na gairmeacha sin.

7. **Tallanna dúchais a bheith ag daoine**
Tá tallanna áirithe ag daoine áirithe agus dá bhrí sin d'fhéadfaidís a bheith in ann ioncam an-ard a thuilleadh e.g. réaltaí spóirt, iad siúd sa tionscal siamsaíochta.

8. **Laofacht Inscne**
D'ainneoin reachtaíochta, tá laofacht fós ann in íocaíocht ban i lucht saothair na hÉireann.
Tuilleann oibrithe ban in Éirinn timpeall 80% den phá a thuilleann a macasamhla fireanna.

**2 chúis ar 6 mharc (3+3) an ceann**

(iii) Mínigh an téarma **so-aistritheacht ghairme an lucht saothair** agus tabhair breac-chuntas ar thoisc **amháin** a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar sho-aistritheacht ghairme oibrí.

**Sainmhíniú: Cumas/éascaíocht oibrí athrú ó phost amháin go post eile.**

<u>**4 mharc**</u>

**Toisc amháin:**

**1.** Infhaighteacht agus rochtain ar chúrsaí inacmhainne oideachais
**2.** Infhaighteacht agus rochtain ar oiliúint, ar chúrsaí athoiliúna agus ar chúrsaí um fheabhsú scileanna.
**3.** Beartais rialtais a thugann cúnamh le haghaidh soghluaisteachta, i.e. ceadanna oibre; baint bacainní teanga / cultúrtha; cláir intéirneachta a thairiscint.
**4.** Bacainní laghdaithe ar iontráil i roinnt gairmeacha, e.g. iriseoireacht, leigheas, teagasc, etc.
**5.** Caillteanas sinsearachta de thoradh post a athrú, rud a mbíonn tionchar aige ar phá, teidlíochtaí saoire agus d'fhéadfadh sé go mbeadh drogall ar fhostaithe post a athrú, mar sin.
**6.** **D'fhéadfadh oibrithe a bheith chomh speisialaithe sin go mbíonn sé deacair** orthu teacht i dtír ar phoist eile agus go mbeidh orthu oiliúint bhreise a chur orthu féin chun fostaíocht mhalartach a fháil.

**1 toisc amháin ar 2 mharc**

(b) 'Tá sé beartaithe ag Rialtas na hÉireann líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí a laghdú ó 287,000 in 2013 go 282,500 in 2014.' (*Cáinaisnéis 2013*)

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus luaigh sampla **amháin** de ghairm san earnáil seo.

(ii) Luaigh agus mínigh fáth **amháin** a bhfuil an rialtas ar aghaidh ag laghdú líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí i gcónaí.

(iii) Déan plé ar **dhá** iarmhairt do gheilleagar na hÉireann ar an laghdú seo ar líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí. **(26 marc)**

(i)

**An earnáil phoiblí: 5 mharc**

An chuid sin den gheilleagar a dhéanann **na comhlachtaí stáit/ranna rialtais a reáchtáil**, de ghnáth chun seirbhísí a sholáthar dá saoránaigh. Déanann an stát é seo a rialú.

Sampla: **Teagasc Iar-bhunscoile: 5 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh fáth **amháin** a bhfuil an rialtas ar aghaidh ag laghdú líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí i gcónaí.

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Costais a laghdú** | Teastaíonn ón rialtas costas reatha na hearnála poiblí a laghdú chun a staid airgeadais a fheabhsú. |
| **Éifeachtúlacht a ardú** | Teastaíonn ón rialtas seirbhísí reatha a chothabháil le lucht saothair laghdaithe chun éifeachtúlacht gach oibrí a fheabhsú / breis táirgiúlachta le níos lú oibrithe. |
| **Sásaíonn sé riachtanais an Troika** | Tá comhairle curtha ag an Troika go gcaithfear méid na hearnála poiblí in Éirinn a laghdú mar go bhfuil sí rómhór agus go gcaithfear í a chuíchóiriú. |

## 1 fháth amháin ar 6 mharc (3+3)

(iii) Déan plé ar **dhá** iarmhairt do gheilleagar na hÉireann ar an laghdú seo ar líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí.

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Cúrsaí airgeadais an Rialtais** | Má thiteann costais na hearnála poiblí, seans nach mbeidh ar an rialtas cánacha a ardú ná airgead a fháil ar iasacht i gcomhair phá na hearnála poiblí. B'fhéidir go mbeadh orthu pacáistí téarfa agus pinsin níos airde a mhaoiniú. |
| **Soláthar seirbhísí** | D'fhéadfadh nach mbeadh seirbhísí chomh héifeachtach céanna e.g. moill ar ghnáthaimh ospidéil; seomraí ranga plódaithe agus / nó d'fhéadfaí níos lú seirbhísí a chur ar fáil. |
| **Díospóidí tionsclaíocha** | Tig le hoibrithe san earnáil phoiblí tabhairt faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch a chuirfeadh as don phobal e.g. 'oibriú de réir rialach' na nGardaí. |
| **Lucht saothair míshásta** | D'fhéadfadh oibrithe san earnáil phoiblí éirí míshásta agus dá bharr seo ní bheidís chomh spreagtha céanna, a mbeadh meath i seirbhísí mar thoradh air. |
| **Dífhostaíocht** | De bhrí go bhfuil na hoibrithe seo dífhostaithe, beidh bille leasa shóisialaigh níos airde ag an rialtas. |
| **Éileamh níos lú** | Agus níos mó daoine beo ar phinsin, titfidh a n-ioncam agus ní bheidh siad in acmhainn earraí agus seirbhísí a cheannach. |

## 2 iarmhairt ar 5 mharc (2+3) an ceann

(c) Tá ganntanas oibrithe oilte mar ríomhchláraitheoirí i roinnt comhlachtaí in earnáil na Teicneolaíochta Faisnéise (TF) faoi láthair.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a chruthaíonn an ganntanas oibrithe oilte seo.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar rud **amháin** a d'fhéadfadh **aon dá cheann** díobh seo a leanas a dhéanamh chun an ganntanas oibrithe oilte seo a laghdú:

Na comhlachtaí TF; Coláistí / Ollscoileanna; Rialtas na hÉireann. **(24 marc)**

(i)

| **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|
| **Seans nach lonnóidh cuideachtaí eachtracha anseo** | D'fhéadfadh cuideachtaí eachtracha lonnú i dtíortha nach bhfuil aon ghanntanas iontu agus caillfidh Éire amach ar an infheistíocht. |
| **Rátaí pá / Costais oiliúna ardaithe** | B'fhéidir go mbeadh ar chuideachtaí TF a bpá a ardú chun oibrithe a mhealladh le hoibriú dóibh. D'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí a gcaiteachas a ardú chun daoine a oiliúint chun na folúntais a líonadh. |
| **Méadú ar imirce** | Sa ghearrthéarma, b'fhéidir go mbeadh ar chuideachtaí TF oibrithe a thabhairt isteach as taobh amuigh d'Éirinn chun na folúntais a líonadh. |
| **Méadú ar an éileamh ar chúrsaí TF** | Éileamh níos mó ar chúrsaí TF speisialaithe ó choláistí tríú leibhéal éagsúla. |
| **Caillteanas táirgiúlachta** | Má tá moill ar fholúntais a líonadh, titfidh leibhéil táirgiúlachta agus seans go mbeidh tionchar aige seo ar bhrabúis. |

## 2 iarmhairt ar 6 mharc (3+3) an ceann

(ii) Tabhair breac-chuntas ar rud **amháin** a d'fhéadfadh **aon dá cheann** díobh seo a leanas a dhéanamh chun an ganntanas oibrithe oilte seo a laghdú:

Na comhlachtaí TF; Coláistí / Ollscoileanna; Rialtas na hÉireann.

| **Catagóir** | **Gníomh** | **Míniúchán** |
|---|---|---|
| **Na Comhlachtaí TF** | • Ardaigh rátaí pá<br>• Intéirneachtaí<br>• Feachtas faisnéise<br>• Scoláireachtaí a thairiscint | • D'fhéadfadh sé seo roinnt oibrithe a mhealladh chuig an earnáil TF.<br>• Cuir socrúcháin oibre/intéirneachtaí ar fáil do dhaoine a mbeadh suim acu sa réimse seo agus meall iad le hoibriú san earnáil seo. **(* nó coláistí)**<br>• Cuir daoine ar an eolas go bhfuil folúntais ar fáil agus cur chun cinn na buntáistí a bhaineann le slí bheatha san earnáil TF.<br>• Do mhic léinn tríú leibhéal. Tar éis cáilíocht a bhaint amach, aontaíonn siad oibriú ar feadh tréimhse áirithe. |
| **Coláistí / Ollscoileanna** | • Cúrsaí TF a thairiscint<br>• Pointí bónais do mhic léinn | • Forbair cúrsaí i gcomhar leis an earnáil TF chun riachtanais na gcomhlachtaí TF a shásamh.<br>• D'fhéadfadh pointí bónais daltaí Ardteistiméireachta a bhfuil suim acu sa réimse seo a mhealladh chun cúrsaí TF a dhéanamh. |
| **Rialtas na hÉireann** | • Ceadanna / Víosaí oibre<br>• Fóirdheontais/deontais do chúrsaí TF<br>• TF sna scoileanna | • Laghdóidh ceadanna oibre srianta chun gur féidir le hoibrithe eachtracha taisteal chun na hÉireann agus oibriú anseo.<br>• Seans go ndéanfadh fóirdheontais cúrsaí TF níos inacmhainne agus go mbeadh deis ag daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach cur lena gcuid scileanna.<br>• TF a bheith mar chuid den chroíchuraclam agus maoiniú do scoileanna a ardú chun teicneolaíocht a uasdátú agus daltaí a spreagadh le húsáid a bhaint aisti. |

## <u>AON</u> 2 rud ar 6 mharc (3+3) an ceann

## C4 Príobháidiú, 'Cáin Siúcra', Bearta i gCáinaisnéis 2013

(a) Tá Rialtas na hÉireann ag beartú roinnt sócmhainní stáit a phríobháidiú, an ceadúnas don Chrannchur Náisiúnta mar shampla.

(i) Céard is brí leis an téarma 'príobháidiú'?
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** argóint eacnamaíocha i bhfabhar príobháidiú.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** argóint eacnamaíocha i gcoinne príobháidiú. **(25 marc)**

(i) Céard is brí leis an téarma 'príobháidiú'?

Is éard is brí leis seo go ndíoltar cuideachta faoi úinéireacht an stáit le húinéirí príobháideacha.

**(5 mharc)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** argóint eacnamaíocha i bhfabhar príobháidiú.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** argóint eacnamaíocha i gcoinne príobháidiú.

| Argóintí **ina fhabhar** | Argóintí **ina choinne** |
|---|---|
| **1. Caighdeán/rogha níos fearr seirbhísí.** D'fhéadfadh cuideachta phríobháidithe caighdeán / éifeachtacht / rogha na seirbhíse a sholáthraítear a fheabhsú. | **1. Caillteanas seirbhísí neamhbhrabúsmhara.** D'fhéadfadh an chuideachta seirbhísí neamhbhrabúsmhara a scor chun costais a laghdú. |
| **2. Praghsanna níos iomaíche** D'fhéadfaí praghsanna ní b'iomaíche a thairiscint do thomhaltóirí i gcomhair earraí/seirbhísí. | **2. Caighdeán na seirbhísí/méadú ar phraghsanna** D'fhéadfadh caighdeán na seirbhísí a sholáthródh an chuideachta nua dul in olcas ar mhaithe le costais a choigilt. D'fhéadfaí praghsanna a mhéadú d'fhonn an t-ioncam a mhéadú. D'fhéadfaí muirir as seirbhísí a measadh a bhí 'saor in aisce' a thabhairt isteach. |
| **3. Leanúnachas an tsoláthair** D'fhéadfadh rochtain a bheith ag an gcuideachta nuaphríobháidithe ar fhoinsí nua cistí agus toisc nach bhfuil siad faoi réir suaitheadh rialtais, d'fhéadfadh feabhsú teacht ar a gcuid ionchais fhadtéarmacha – chinnteodh sé seo leanúnachas an tsoláthair do na tomhaltóirí. | **3. Ciorrúchán ar an méadú ar phá/ar phinsin / Athruithe ar choinníollacha oibre** D'fhéadfadh na húinéirí nua teorainn a chur leis an méadú ar phá/ar phinsin a bheadh dlite dá gcuid fostaithe nó d'fhéadfaidís coinníollacha fostaíochta a bhfostaithe a athrú nó go mbeidís ní ba mheasa ná mar a bhíodh roimhe. |
| **4. Deiseanna Fostaíochta** Dá méadódh an chuideachta nua a sciar den mhargadh, d'fhéadfadh fás teacht faoin bhfostaíocht sa tionscal / cinnteacht bhreise poist. | **4. Caillteanas post / cinnteacht laghdaithe poist / méadú ar an mbille leasa shóisialaigh** D'fhéadfadh sé tarlú go gcaillfí poist de thairbhe cuíchóiriú seirbhísí – bheadh caiteachas ní b'airde leasa shóisialaigh mar thoradh air seo. |
| **5. Tuilleadh luachanna saothair/dreasachtaí i gcomhair na nuálaíochta** D'fhéadfadh fostaithe níos mó luachanna saothair a ghnóthú as a gcuid nuálaíochtaí sa tionscal príobháidithe, e.g. bónais ní b'airde, etc. | **5. Caillteanas acmhainne luachmhaire de chuid an stáit** Anois agus í díolta, tá sócmhainn luachmhar caillte ag na cáiníocóirí a raibh seilbh acu uirthi tráth dá raibh. |
| **6. Ioncam ón díolachán – iasachtaíocht a laghdú** D'fhéadfadh an rialtas **úsáid** a bhaint as an ioncam ó dhíol na cuideachta mar chúnamh le leibhéal iasachtaí an Rialtais a laghdú. | **6. Úinéireacht eachtrach** Is féidir le ceannaitheoirí thar lear a bheith ina n-úinéirí ar chuideachta a bhíodh faoi úinéireacht Éireannach uair amháin; uaidh sin, tig le rialú na sócmhainne dul lasmuigh den stát. |
| **7. Fáil réidh le cuideachtaí a mbíonn caillteanas acu** Trí chuideachtaí a mbíonn caillteanais acu a dhíol, baintear an t-ualach den stáit / cháiníocóir. | **7. Costais an díolacháin** Caithfidh an cáiníocóir na costais uile a bhaineann le hullmhú an díolacháin, ar nós cúrsaí dlí, a íoc. |
| **2 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann** | **2 phointe ar 5 mharc (2+3) an ceann** |

(b) Mhol an Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn go ngearrfaí 'cáin siúcra' chomh maith le CBL ar dheochanna boga.

(i) Mínigh an téarma 'CBL'.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** argóint eacnamaíocha i bhfabhar an 'cáin siúcra' seo.
(iii) Luaigh agus mínigh argóint eacnamaíoch **amháin** i gcoinne an 'cáin siúcra' seo a ghearradh. **(20 marc)**

(i) Mínigh an téarma 'CBL'.

CBL: cáin a ghearrtar ar earraí agus ar sheirbhísí / ar chaiteachas **5 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** argóint eacnamaíocha i bhfabhar an 'cáin siúcra' seo.
(iii) Luaigh agus mínigh argóint eacnamaíoch **amháin** i gcoinne an 'cáin siúcra' seo a ghearradh.

| Argóintí eacnamaíocha **ina fabhar** | Argóint eacnamaíoch **ina coinne** |
|---|---|
| **1. Ioncam don stát / Feabhas ar airgeadas an Rialtais**<br>Thabharfadh an cháin seo ioncam isteach don rialtas. | **1. Praghsanna níos airde**<br>Bíonn ar thomhaltóirí praghsanna níos airde a íoc ar dheochanna boga. |
| **2. Ídiú bia siúcraithe a laghdú**<br>Mhéadódh an cháin praghas na ndeochanna sin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé de chlaonadh ag daoine an bia sin a cheannach dá bharr. | **2. Caillteanais Phost**<br>Má laghdaíonn caitheamh deochanna boga, d'fhéadfadh fostaithe sa tionscal seo a bpoist a chailleadh. |
| **3. Chuideodh sí le tionscnaimh sláinte a chistiú**<br>D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an ioncam a bhaileofaí le cláir a chistiú a théann i ngleic le hotracht i measc daoine óga go háirithe. | **3. Forbairt 'stát róchaomhnach'**<br>Tá ról níos mó á ghlacadh ag an stát i saol saoránach agus cuireann sé seo isteach ar chearta daoine. |
| **4. Chuideodh sí le costais sláinte sa todhchaí a laghdú**<br>Dá gcuideofaí leis an méid a óltar faoi láthair a laghdú d'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú fadhbanna sláinte ann sa todhchaí agus nach gcaifí an oiread céanna ar shláinte. | **4. Spreagann sé caitheamh alcóil**<br>Ceapann daoine áirithe go spreagfaidh an praghas ard atá ar dheochanna boga i dtithe tábhairne faoi láthair daoine athrú chuig alcól. |
| **5. Daonra níos sláintiúla**<br>Cuideoidh laghdú ar an méid a óltar i measc an daonra le leibhéil otrachta a laghdú agus daonra níos sláintiúla a chruthú. | **5. Éagothromasach**<br>D'fheadfadh gur ar dhaoine ar ioncam íseal is mó a luífeadh an cháin seo agus d'fhéadfaí a rá ar an ábhar sin go bhfuil sí éagothromasach. |
| **2 argóint ar 5 mharc (2+3) an ceann** | **1 argóint amháin ar 5 mharc (2+3)** |

(c) Tabhair breac-chuntas ar argóint eacnamaíochta **amháin** i bhfabhar **gach ceann** de na bearta seo a leanas a d'fhógair an rialtais i gCáinaisnéis 2013, **agus** ar argóint eacnamaíochta **amháin** i gcoinne gach ceann díobh.

- Cáin mhaoine cónaithe a thabhairt isteach (i.e. 0.18% ar luachanna tithe cónaithe).
- Laghdú ar ráta an tsochair leanaí (i.e. íosmhéid €10 an leanbh).
- Méadú ar an muirear clárúcháin don oideachas tríú leibhéal (i.e. méadú €250 in aghaidh na bliana ó 2013 go 2015). **(30 marc)**

- Cáin mhaoine cónaithe a thabhairt isteach (i.e. 0.18% ar luachanna tithe cónaithe).

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **1. Ioncam Rialtais**<br>Cuideoidh na muirir sin le hioncaim a ardú don stát/do chomhairlí áitiúla agus a ngníomhaíochtaí a mhaoiniú. | **1. Is cáin aischéimnitheach í**<br>Ní chuireann sí cumas an duine an cháin a íoc san áireamh. |
| **2. Cáin chobhsaí**<br>Leathnaíonn an cháin sin an bonn cánach, atá de réir aidhmeanna an Troika. Tá sí iníoctha ag gach sealbhóir tí (le heisceachtaí) agus mar sin, ba cheart, de réir teoirice, gur foirm cánach níos cobhsaí ná ioncaim ó cháin indíreach í. | **2. Ioncam indiúscartha laghdaithe**<br>De bharr ioncam indiúscartha níos lú bíonn caighdeán níos ísle maireachtála ag saoránaigh agus ciorruithe i gcaiteachas teaghlaigh. |
| **3. Tá gá níos lú ann le cánacha díreacha a ardú / ní haon dídhreasú chun oibre é an muirear sin**<br>Leis an ioncam a thuilltear uaidh sin tá seans ann go mbeidh gá níos lú ag an rialtas le cánachas díreach a mhéadú. Ós rud é nach n-ardaítear cánacha ioncaim ní haon dídhreasú chun oibre í an cháin sin. | **3. Éagothromasach**<br>Íocfaidh daoine in áiteanna éagsúla sa tír cánacha tí éagsúla de bharr suíomh a dtithe e.g. duine atá ina chónaí i gcathair seachas duine a chónaíonn faoin tuath in Éirinn. |
| **4. Pleanáil an rialtais**<br>Ó tharla gur bunmhuirear cánach atá ann, is cinnte go bhfaighfear an t-ioncam, mar sin, éascaíonn sé sin pleanáil an rialtais. | **4. Laghdú ar éileamh/chaiteachas**<br>Le hioncam indiúscartha níos ísle, titfidh caiteachas agus d'fhéadfadh daoine a bpost a chailliúint dá bharr<br>e.g. san earnáil mhiondíola. |
| **5. Eacnamaíoch**<br>Ba cheart go mbeadh an costas bailithe don stát íseal mar go ndéanfaidh gach teaghlach measúnú ar a ndliteanas féin agus tá na modhanna bailithe áisiúil. | |
| **1 argóint amháin ar 5 mharc (2+3).** | **1 argóint amháin ar 5 mharc(2+3)** |

- Laghdú ar ráta an tsochair leanaí (i.e. íosmhéid €10 an leanbh).


| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **1. Laghdú ar chaiteachas an rialtais** Cuideoidh sé seo le deacrachtaí airgid reatha an rialtais a laghdú. | **1. Ioncam laghdaithe** Beidh caighdeán níos ísle maireachtála ag saoránaigh agus ciorruithe i gcaiteachas teaghlaigh dá bharr seo. |
| **2. Gá laghdaithe le cánacha a ardú** Má fheabhsaíonn cúrsaí airgeadais an rialtais, ní bheidh gá chomh mór cánacha a ardú i réimsí eile. | **2. Éagothromasach** Ar dhaoine ar ioncam íseal, atá ag brath ar shochar leanaí le haghaidh ioncaim rialta, is mó a luífidh an laghdú seo agus tá sé éagothromasach ar an ábhar sin. |
| **3. Gá níos lú le tionchar a imirt ar sheirbhísí stáit** Má fheabhsaíonn cúrsaí airgeadais an rialtais, ní bheidh gá chomh mór cur isteach ar sheirbhísí stáit i.e. seirbhísí a laghdú agus/nó táillí ar sheirbhísí a thabhairt isteach (deischostas). | **3. Ardú ar bhochtaineacht leanaí** D'fhéadfaí teaghlaigh áirithe a bhrú faoin líne bhochtaineachta agus beidh ar leanaí 'déanamh dá uireasa'. |
| **4. Tá grúpaí ar ioncam níos airde ina acmhainn seo** Tá grúpaí ar ioncam níos airde in acmhainn an laghdaithe seo i sochar linbh agus ní bheidh míbhuntáiste orthu dá bharr. | |
| **1 argóint amháin ar 5 mharc (2+3)** | **1 argóint amháin ar 5 mharc(2+3)** |

- Méadú ar an muirear clárúcháin don oideachas tríú leibhéal (i.e. méadú €250 in aghaidh na bliana ó 2013 go 2015).

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina choinne** |
|---|---|
| **1. Ioncam do choláistí** Cabhróidh an méadú seo le hioncam a thiomsú do na coláistí atá tar éis argóint a dhéanamh ar son méadú ar ioncam. | **1. Daoine a dhíspreagadh oideachas tríú leibhéal a fháil** D'fhéadfadh go mbrúfadh an méadú ar an muirear daoine amach ón gcoláiste toisc nach bhfuil sé d'acmhainn acu íoc as. |
| **2. Níos lú brú ar airgeadas an rialtais** D'fhéadfadh go mbeadh ar an rialtas níos lú maoinithe a chur ar fáil do choláistí agus, dá bhrí sin, an t-éileamh ar airgeadas stáit a laghdú. | **2. Éagothromasach** Níl na muirir níos airde seo ina n-acmhainn ag teaghlaigh ísealioncaim, agus ar an ábhar sin, tá siad éagórach. |
| **3. Deischostas** Is féidir leis an rialtas a airgeadas a úsáid d'úsáidí eile. | **3. Níos lú oideachais ar n lucht saothair** Má fhreastalaíonn níos lú daoine ar an gcoláiste, d'fhéadfadh nach mbeadh an oiread céanna scileanna ag an lucht saothair. |
| **4. Fairsingiú gníomhaíochtaí coláiste.** Is féidir leis na coláistí foireann nua a cheapadh/cúrsaí nua a thabhairt isteach nó cúrsaí reatha a choimeád ar bun. | **4. Níos lú infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI)** Má thagann meath ar scileanna an lucht saothair, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos deacra infheistíocht dhíreach eachtrach / CINanna a mhealladh. |
| | **5. Níos lú ioncam indiúscartha ag mic léinn** Tabhóidh mic léinn costais níos airde agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh orthu caiteachas a ghearradh siar i réimsí eile. |
| **1 argóint amháin ar 5 mharc (2+3)** | **1 argóint amháin ar 5 mharc (2+3)** |

| **Q5 Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim, Caiteachas na dTomhaltóirí agus an 'Geilleagar Dubh'** |
|---|

Sa léaráid thíos taispeántar **Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim** i ngeilleagar oscailte gan Rialtas.




(a) (i) Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na línte atá uimhrithe ó **1** go **5.**

(ii) Agus tú ag tagairt don léaráid thuas, mínigh go hachomair na saghsanna gníomhaíochtaí a tharlaíonn idir **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Idir teaghlaigh agus institiúidí airgeadais;
- Idir teaghlaigh agus margaí iasachta;
- Idir margaí iasachta agus gnólachtaí. **(30 marc)**

i. **20 marc**

| Uimh. | Seasann sé seo do | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | Íocaíocht / as tosca táirgeachta | **4 mharc: 2 mharc + 2 mharc (pá)** |
| 2 | Caiteachas / ar sheirbhísí agus ar earraí (intíre) | **4 mharc: 2 mharc + 2 mharc** |
| 3 | Coigilteas | **4 mharc** |
| 4 | Iompórtálacha | **4 mharc** |
| 5 | Easpórtálacha | **4 mharc** |

ii. Agus tú ag tagairt don léaráid thuas, mínigh go hachomair na saghsanna gníomhaíochtaí a tharlaíonn eatarthu seo a leanas: idir teaghlaigh agus gnólachtaí / idir teaghlaigh agus margaí iasachta / idir gnólachtaí agus margaí iasachta.

Teaghlaigh agus institiúidí airgeadais

Teaghlaigh: coiglíonn siad cuid dá n-ioncam le hinstitiúidí airgeadais / in institiúidí airgeadais.

**3 mharc**

Teaghlaigh agus margaí iasachta

Teaghlaigh: caitheann siad cuid dá n-ioncam ag ceannach earraí iompórtáilte i.e. earraí agus seirbhíse ón gcoigríoch **3 mharc**

Margaí iasachta agus gnólachtaí

Déanann gnólachtaí cuid dá n-earraí agus seirbhísí a easpórtáil chuig margaí iasachta agus faigheann siad ioncam air sin. **4 mharc**

(b) Tá leibhéal caiteachais na dtomhaltóirí in Éirinn tite le déanaí.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíochta atá leis sin.

(ii) Déan plé ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun caiteachas na dtomhaltóirí a mhéadú.

**(20 marc)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíochta atá leis sin.

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Dífhostaíocht mhéadaithe** | Tá laghdú mór tagtha ar ioncam daoine agus tá laghdú tagtha ar éileamh tomhaltóirí mar gheall ar an titim i gcaiteachas. |
| **Cánachas méadaithe** | Tá cánacha níos airde á n-íoc ag daoine atá fostaithe. Dá bhrí sin, tá cumhacht laghdaithe caiteachais acu. |
| **Muinín laghdaithe tomhaltóirí** | Tá daoine buartha faoin todhchaí agus, mar sin, tá caiteachas á iarchur ag roinnt acu mar go bhfuil eagla orthu faoin méid atá i ndán dóibh.<br>Tá daoine ag roghnú airgead a choigilt in ionad é a chaitheamh. |
| **Rátaí méadaithe CBL** | Mhéadaigh ráta méadaithe na gcánacha indíreacha sa Cháinaisnéis praghsanna agus laghdaigh sé sin éileamh na dtomhaltóirí. |
| **Rátaí laghdaithe an tsochair linbh** | Tá ioncam indiúscartha laghdaithe ag teaghlaigh a fhaigheann sochar linbh agus tá caiteachas tomhaltóirí tar éis titim. |
| **Rátaí méadaithe úis mhorgáiste** | Tá na bainc tar éis rátaí úis a mhéadú, agus tá ioncam indiúscartha níos ísle ag daoine dá bharr sin. |

**2 chúis ar 5 mharc (2+3) an ceann**

(ii) Déan plé ar **dhá** bheart a d'fhéadfadh an rialtas a dhéanamh chun caiteachas na dtomhaltóirí a mhéadú.

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Rátaí CBL a laghdú** | Cabhróidh sé seo le praghsanna a laghdú agus, dá bhrí sin, spreagfaí tomhaltóirí le hairgead a chaitheamh. |
| **Cánacha / tobhaigh ioncaim a laghdú** | Mhéadódh sé seo ioncam indiúscartha tomhaltóirí agus, dá bhrí sin, spreagfaí daoine le hairgead a chaitheamh. |
| **Dreasachtaí a sholáthar do thomhaltóirí le hairgead a chaitheamh** | Scéim nua traipisithe. D'fhéadfadh sé seo tomhaltóirí a spreagadh lena gcuid carranna a athrú agus thiocfadh méadú ar an éileamh dá bharr sin.<br>Deontais inslithe baile: úinéirí tí a spreagadh le hairgead a chaitheamh ar insliú. |
| **Iasachtú i measc institiúidí airgeadais a éascú** | Trí chabhrú leis na hinstitiúidí airgeadais, d'fhéadfadh an rialtas iad a spreagadh le creidmheas a thabhairt, agus tiocfaidh méadú ar an éileamh i measc iasachtaithe as sin. |
| **Muinín a chothú as an ngeilleagar** | Agus beartais chuí eacnamaíocha á saothrú ag an rialtas, d'fhéadfaí muinín a spreagadh i measc tomhaltóirí agus táirgeoirí as an ngeilleagar agus, ar an dóigh sin, spreagfar an dá ghrúpa le héileamh a mhéadú. |
| **Caiteachas caipitil an rialtais a mhéadú** | D'fhéadfadh sé sin cabhrú le poist a chruthú agus le caiteachas a mhéadú sa gheilleagar. |

**2 chúis ar 5 mharc (2+3) an ceann**

(c) ‘Cailleann an Stát €860m gach bliain mar gheall ar an trádáil mhídhleathach (an geilleagar dubh).’
(*Sunday Independent,* 28 Deireadh Fómhair 2012)

(i) Luaigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht i ngeilleagar dubh na hÉireann.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis atá leis an bhfás le tamall beag anuas ar ‘gheilleagar dubh’ na hÉireann.

(iii) Mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíocha, seachas caillteanas ioncaim ag an rialtas, a d’fhéadfadh a bheith ar fhás an gheilleagair dhuibh do gheilleagar na hÉireann. **(25 marc)**

(i) Luaigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht i ngeilleagar dubh na hÉireann.

- Múinteoir ag tabhairt diancheachtanna, gan an t-ioncam a fhógairt chun críche cánach.
- Pluiméir ag oibriú ar íocaíocht airgid thirim, gan an t-ioncam a fhógairt chun críche cánach.

**5 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis atá leis an bhfás le tamall beag anuas ar ‘gheilleagar dubh’ na hÉireann.

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Ioncam indiúscartha laghdaithe** | Níl daoine in acmhainn na praghsanna dlisteanacha d’earraí/do sheirbhísí a íoc |
| **Rátaí méadaithe CBL** | Tagann méadú ar phraghsanna dá bharr sin agus bíonn fonn ar thomhaltóirí cánacha níos airde a sheachaint. |
| **Dífhostaíocht** | Níl na daoine a chaill a bpost in acmhainn praghsanna a chuimsíonn CBL a íoc agus/nó tá siad sásta obair a dhéanamh agus airgead tirim a thuilleamh ionas nach mbeadh orthu cáin ioncaim a íoc. |
| **Míshástacht le beartais chánachais an rialtais** | Creideann roinnt daoine go bhfuil an córas cánach éagórach agus diúltaíonn siad na cánacha níos airde a íoc. |

**2 chúis ar 5 mharc(2+3)an ceann**

(iii) Mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíocha, seachas caillteanas ioncaim ag an rialtas, a d’fhéadfadh a bheith ar fhás an gheilleagair dhuibh do gheilleagar na hÉireann.

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Méadú ar chaiteachas an rialtais** | D’fhéadfadh go mbeadh ar an rialtas caiteachas a mhéadú ar chur i bhfeidhm dlíthe. |
| **Bille méadaithe dífhostaíochta** | Tá leas sóisialach á éileamh ag roinnt daoine cé go bhfuil ioncam á ghnóthú acu ag an am céanna. |
| **Meath ar ghníomhaíocht dhlisteanach ghnó** | D’fhéadfadh go gcaillfí poist dá bharr sin agus go dtiocfadh meath eile ar ioncam cánach e.g. toitíní a cheannach ar an Margadh Dubh. |
| **Brú ar airgeadas an rialtais / Soláthar seirbhísí** | D’fhéadfadh go mbeadh ar an rialtas caiteachas a chiorrú; foinsí breise ioncaim chánach a mheas (cánacha faoi choim) agus/nó líon na seirbhísí atá á gcur ar fáil a laghdú. |
| **An iarmhairt a bhíonn ag úsáid táirgí áirithe ar sheirbhísí shláinte** | Beidh gá ag daoine a cheannaíonn drugaí neamhdhleathacha ar an margadh seo le seirbhísí leighis agus cuirfidh sé sin ualach breise ar na seirbhísí sláinte. |

**2 iarmhairt ar 5 mharc (2+3) an ceann**

## Q6 Eisimirce, Aosú an Daonra, Dífhostaíocht

(a) Tá méadú tar éis teacht ar an eisimirce as Éirinn le blianta beaga anuas.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis atá leis an méadú ar an eisimirce.

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ar mhéadú seo na heisimirce do gheilleagar na hÉireann. **(24 marc)**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

**Gluaiseacht náisiúnach Éireannach chun cónaí in áit eile / chuig tíortha eile.**

**4 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis atá leis an méadú ar an eisimirce.

**An cúlú eacnamaíochta in Éirinn / Deiseanna poist thar lear**
- Tá sé seo ina bhunús le méadú ar an dífhostaíocht toisc go bhfuil níos lú deiseanna poist ar fáil.
- Tá daoine ag dul ar eisimirce sa tóir ar phoist sna tíortha sin ina bhfuil folúntais, e.g. Ceanada, an Astráil.

**Rátaí pá in Éirinn**
- Tá na rátaí pá in Éirinn ag titim. Is éard is ciall leis sin go bhfuil an caighdeán maireachtála ag meathlú agus
tá daoine ag cuardach caighdeán maireachtála níos fearr thar lear.

**Leibhéil chánachais ag dul in airde in Éirinn / Caighdeán maireachtála níos fearr thar lear**
- Tá an caighdeán maireachtála ag dul chun donachta mar gheall ar thabhairt isteach tobhach éagsúil ioncaim/cánacha
nua.
- D'fhéadfadh na daoine sin atá soghluaiste caighdeán maireachtála níos fearr a aimsiú thar lear.

**Ionchais maidir le téarnamh geilleagrach**
- Tá imní ar roinnt daoine faoina dtodhchaí in Éirinn agus is beag ionchas atá acu maidir leis an am atá le teacht ó thaobh an gheilleagair de.

**Scileanna a fhorbairt thar lear**
- Téann roinnt oibrithe oilte ar eisimirce lena gcuid scileanna a fhorbairt tuilleadh mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil.

**Dearcadh níos dóchasaí / Líonraí Éireannacha thar lear**
- Tá daoine áirithe ag dul ar eisimirce toisc go bhfuil an dearcadh níos dearfaí thar lear.
- Éascaíonn na pobail Éireannacha atá ann eisimirce.
- Tá siad ag cuardach nós maireachtála níos fearr in áiteanna eile, e.g. Ceanada / an Astráil / na Stáit Aontaithe

**1ú cúis ar 6 mharc (4+2) agus 2ú cúis ar 2 mharc**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ar mhéadú seo na heisimirce do gheilleagar na hÉireann.

| Iarmhairtí **diúltacha** | Iarmhairtí **dearfacha** |
|---|---|
| **Rátaí cóimheasa cleithiúnais níos airde**<br>Is dóigh go bhfuil an pobal óg infhostaithe ag fágáil agus tá cóimheas cleithiúnais níos airde ann mar gheall air sin. Mar gheall air sin, ní mór don rialtas an daonra cleithiúnach méadaithe sin a mhaoiniú. | **Dífhostaíocht laghdaithe**<br>D'fhéadfadh go mbeadh na daoine sin a chuaigh ar eisimirce dífhostaithe dá bhfanfaidís in Éirinn. Laghdaíonn sé sin an brú ar chúrsaí airgeadais an rialtais íocaíochtaí méadaithe leasa shóisialaigh a mhaoiniú. |
| **Deischostas**<br>Cailleann an stát amach ar a infheistíocht in oideachas/in oiliúint na saoránach sin. D'fhéadfadh go bhfuiltear ag cur oideachais ar oibrithe in Éirinn le dul ag obair i dtíortha eachtracha. | **Eisimircigh a fhilleann go hÉirinn**<br>D'fhéadfadh go dtacódh eisimircigh nuair a fhilleann siad le cuideachtaí a bhfuil baint acu le turasóireacht – aerlínte, tithe tábhairne, etc. D'fhéadfaidís airgead a sheoladh abhaile chuig a dteaghlach agus filleadh abhaile san fhadtréimhse le scileanna nua. |
| **Caillteanas scileanna sa gheilleagar / "Imirce Daoine Oilte"**<br>Cailleann geilleagar na hÉireann na hoibrithe/na céimithe a bhfuil na scileanna foghlamtha acu a theastaíonn le cuidiú le fás a chur faoin ngeilleagar. D'fhéadfadh go bhfágfaí an tír gan scileanna fíor-riachtanacha de dheasca 'imirce daoine oilte'. | **Teagmhálaithe / Deiseanna easpórtála**<br>D'fhéadfadh go rachadh na daoine a théann ar eisimirce isteach i gconarthaí le heaspórtálaithe Éireannacha a bhféadfadh fonn mór a bheith orthu teacht ar mhargaí thar lear. D'fhéadfadh go gcuirfeadh eisimircigh Éireannacha gnó ar bun agus go soláthróidís poist d'eisimircigh nua, rud a thugann deis do dhaoine feabhas a chur ar a gcuid scileanna. |
| **Margadh intíre níos lú**<br>De réir mar a chrapann an margadh intíre d'fhéadfadh nach mbeadh an oiread sin deiseanna ag gnóthaí/fiontraithe infheistíocht a dhéanamh. | **Éileamh ar sheirbhísí stáit**<br>D'fhéadfadh meath teacht ar an éileamh ar sheirbhísí stáit<br>e.g. scoileanna, cúram sláinte, iompar, etc. de réir mar a thagann laghdú ar an daonra. |
| **Brú méadaithe ar leibhéil phá in Éirinn**<br>Bíonn na daoine ardoilte níos soghluaiste agus fágann siad mar sin. D'fhéadfadh gur ghá do chuideachtaí rátaí phá a ardú chun na hoibrithe seo a choinneáil | |

**1ú iarmhairt ar 8 mharc (6+2) agus 2ú hiarmhairt ar 4 mharc (2+2)**

(b) 'Tá sé tuartha go méadóidh an líon daoine sa daonra atá os cionn 65 bliain d'aois ó 12% go dtí 15% taobh istigh de dheich mbliana.' (*The Irish Times,* 27 Deireadh Fómhair 2012)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ar aosú seo an daonra do gheilleagar na hÉireann.

(ii) Mol cúis **amháin** ar mhéadaigh Rialtas na hÉireann an aois scoir go 66, le teacht i bhfeidhm ó 2014. **(21 marc)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ar aosú seo an daonra do gheilleagar na hÉireann.

**Brú ar sholáthar pinsin stáit**
Trí dhreasachtaí cánach, d'fhéadfadh an rialtas daoine a spreagadh chun leas a bhaint as pinsin phríobháideacha chun an brú atá ar an rialtas pinsin stáit a chur ar fáil a laghdú.

**Méadú féideartha ar an ualach cánach**
Toisc go bhfuil níos mó daoine os cionn 65 bliain d'aois, d'fhéadfadh go mbeadh méadú ar an gcóimheas cleithiúnais. D'fhágfadh sé sin go mbeadh gá le cánacha níos airde a ghearradh chun seirbhísí a mhaoiniú do dhaoine aosta.

**Méadú ar chaiteachas an rialtais**
D'fhéadfadh go gcaithfeadh an rialtas sciar níos mó dá ioncam ar sheirbhísí a sholáthar do dhaoine aosta, ar nós cúram leighis, iompar saor in aisce, tithe altranais.

**Athrú ar nádúr na n-earraí agus na seirbhísí a bhfuil éileamh orthu**
Méadóidh an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí áirithe a theastaíonn ó dhaoine aosta e.g. tithe altranais, cógais, etc.

**Titim sa ráta rannpháirtíochta**
D'fhéadfadh go ndéanfaí difear don soláthar saothair de réir mar a bhaineann níos mó daoine an aois scoir amach. D'fhéadfadh gur mhian le roinnt daoine a bheith ag obair go páirtaimseartha. D'fhéadfadh go rachadh roinnt daoine ar scor.

**Laghdú ar shoghluaisteacht an lucht saothair**
De réir mar a théann daoine in aois, laghdaíonn an dóchúlacht go mbogfaidh siad go háit eile chun obair a lorg.

## 1ú iarmhairt ar 8 mharc (6+2) agus 2ú hiarmhairt ar 4 mharc(2+2)

(ii) Mol cúis **amháin** ar mhéadaigh Rialtas na hÉireann an aois scoir go 66, le teacht i bhfeidhm ó 2014.

**1. Costais phinsean amach anseo a laghdú**
Rachaidh daoine ar scor ag aois níos sine agus baineann sé seo costas a bpinsean den rialtas / leanann an rialtas ar aghaidh ag tuilleamh ioncam cánach óna bhfostaíocht leanúnach.

**2. Níos lú seirbhísí stáit de dhíth**
De réir mar a fhanann daoine ag obair ar feadh tréimhse níos faide, laghdóidh an t-éileamh ar an stát seirbhísí a chur ar fáil.

**3. Aois níos sine á slánú ag daoine**
De bharr go bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide, tharlódh gur mhian leo oibriú níos faide agus ligeann an fadú seo scoir do dhaoine leanúint leis an obair.

**4. Lucht taithíoch saothair a choimeád**
Tríd an aois scoir a mhéadú, coimeádtar oibrithe taithíocha agus d'fhéadfadh sé seo a bheith ina bhonn le héifeachtúlacht níos mó san áit oibre / i soláthar seirbhísí poiblí / costais laghdaithe oiliúna le haghaidh oibrithe nua.

## 1 chúis amháin ar 9 marc (6+3)

(c) Tá ráta na dífhostaíochta in Éirinn níos airde ná 14% i gcónaí.

(i) Ainmnigh slí **amháin** chun an dífhostaíocht in Éirinn a thomhas.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an dífhostaíocht a bheith ard i gcónaí in Éirinn

(iii) Mol beart **amháin** a d'fhéadfadh **gach ceann** díobh seo a leanas a dhéanamh chun ráta dífhostaíochta na hÉireann a laghdú:

Tomhaltóirí na hÉireann; / Rialtas na hÉireann. **(30 marc)**

(i) Ainmnigh slí **amháin** chun an dífhostaíocht in Éirinn a thomhas.

- An Beochlár
- Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh

**6 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an dífhostaíocht a bheith ard i gcónaí in Éirinn

| **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|
| **An cúlú eacnamaíochta domhanda** | Mar gheall ar an éileamh atá ag laghdú ar earraí agus ar sheirbhísí ar fud an domhain, tá níos lú oibrithe ag teastáil chun freastal ar an éileamh sin. |
| **Athlonnú tionscail lasmuigh d'Éirinn** | Tá roinnt cuideachtaí ag aistriú chuig áiteanna níos saoire lasmuigh d'Éirinn. |
| **Neamhábaltacht gnólachtaí creidmheas a fháil** | Mar gheall ar an staid bhaincéireachta, níl roinnt gnólachtaí ábalta creidmheas a fháil agus, dá bharr sin, níl siad ábalta leanúint i mbun gnó, agus cailltear poist mar thoradh air sin. |
| **Níl tomhaltóirí na hÉireann ag caitheamh airgid** | Mar gheall ar an gcaillteanas muiníne tomhaltóirí agus ar thabhairt isteach na dtobhach éagsúil, níl tomhaltóirí ag caitheamh airgid, agus tá caillteanais phost ag teacht as sin i gcuid mhór earnálacha: miondíol (e.g. HMV); mótarfheithiclí; siamsaíocht, etc. |
| **An earnáil tógála** | Mar gheall go rabhthas ag brath an iomarca ar an earnáil seo, tháinig mórchaillteanais phost san earnáil seo as an éileamh laghdaithe. Bhí caillteanais phost i mórán ceirdeanna eile dá bharr sin freisin. |
| **Cuideachtaí na hÉireann ag easpórtáil chuig an Ríocht Aontaithe** | Mar gheall ar an ardú ar luach an euro i gcoibhneas leis an steirling, tháinig titim in earraí easpórtáilte agus, mar gheall air sin, cailleadh poist sna tionscail easpórtálaithe seo. |
| **Caillteanais post san earnáil phoiblí** | Tá laghdú ag teacht ar an bhfostaíocht san earnáil seo agus níl na folúntais seo á líonadh. |
| **1ú cúis ar 8 marc (6+2) agus 2ú cúis ar 4 mharc (2+2)** | |

(iii) Mol beart **amháin** a d'fhéadfadh **gach ceann** díobh seo a leanas a dhéanamh chun ráta

Tomhaltóirí na hÉireann; / Rialtas na hÉireann.

| **Tomhaltóirí na hÉireann** | **Rialtas na hÉireann** |
|---|---|
| **Caiteachas a mhéadú**<br>Tríd an éileamh a mhéadú ar earraí agus ar sheirbhísí, beidh níos mó oibrithe ag teastáil. | **Rátaí CBL a laghdú**<br>Chabhródh sé seo le praghsanna a ísliú, leis an éileamh a spreagadh agus, dá bhrí sin, le fostaíocht a mhéadú. |
| **"Earraí Éireannacha a Cheannach"**<br>Trí earraí a tháirgtear in Éirinn a cheannach, méadóidh an t-éileamh ar na hearraí sin agus cruthófar deiseanna fostaíochta dá bharr. | **Cánacha díreacha a laghdú**<br>Mhéadódh sé seo ioncam, ag cabhrú le caiteachas a mhéadú. Mar gheall air sin, ba chóir go dtiocfadh méadú ar an bhfostaíocht. |
| **An geilleagar dubh a sheachaint / Airgead a chaitheamh sa gheilleagar dlisteanach amháin**<br>Déanfar poist a chruthú/a chothú sa gheilleagar dlisteanach. | **Fóirdheontais a thabhairt d'fhostóirí**<br>Fóirdheontais le haghaidh oibrithe breise nua a fhostú. ÁSPC na bhfostóirí a laghdú d'fhostaithe nua. Cáin chorparáide a laghdú chun fiontraithe a spreagadh. |
| **Dul ar saoire in Éirinn ("Saoire sa Bhaile")**<br>Cabhróidh sé seo le poist a chruthú sa tionscal óstán agus lónadóireachta. | **Deiseanna oiliúna**<br>Breisoiliúint a chur ar an lucht saothair ionas gur féidir leo leas a bhaint as deiseanna nua fostaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann. |
| **1ú beart ar 8 marc (6+2) agus 2ú beart ar 4 mharc (2+2)** | |

## C7 Trádáil agus Corparáidí Ilnáisiúnta (MNC)

‘Is earraí iompórtáilte iad leath na n-earraí grósaera uile a cheannaíonn teaghlach gach seachtain.’

(*Irish Independent,* Meitheamh 2012)

(i) Luaigh sampla **amháin** d’iompórtáil shofheicthe go hÉirinn.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar atá le baint as earraí iompórtáilte ag geilleagar na hÉireann.

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d’fhéadfadh a bheith ag rialtas na hÉireann le srian a chur le hearraí iompórtáilte. **(26 marc)**

(i) Luaigh sampla **amháin** d’iompórtáil shofheicthe go hÉirinn.

- Ceannach gluaisteán eachtrach.
- Ceannach beoracha eachtracha.
- Ceannach cógas a tháirgtear thar lear.

**2 mharc**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar atá le baint as earraí iompórtáilte ag geilleagar na hÉireann.

1. **Rogha níos fairsinge le haghaidh tomhaltóirí / Caighdeán níos airde maireachtála**
   Tá rogha i bhfad níos fairsinge d’earraí agus de sheirbhísí ag tomhaltóirí e.g. torthaí coimhthíocha, saoirí eachtracha, etc.

2. **Amhábhar nach bhfuil ar fáil in Éirinn**
   Níl fáil ar amhábhair áirithe in Éirinn agus ní mór iad a iompórtáil, e.g. ola.
   Ní oireann aeráid na hÉireann do tháirgeadh roinnt barr, i.e. oráistí.

3. **Poist san earnáil dáileacháin**
   Teastaíonn daoine ó iompórtáil earraí chun cabhrú lena n-iompórtáil, lena bpróiseáil agus lena ndáileadh. Cruthaíonn earraí iompórtáilte poist sna hearnálacha sin.

4. **Ioncam cánach don stát**
   Má chuireann an rialtas taraifí ar earraí iompórtáilte áirithe, saothróidh sé sin ioncam don stát.

5. **Margadh intíre beag**
   Mar gheall ar mhargadh beag na hÉireann, ní féidir táirgí áirithe a tháirgeadh go barainneach agus, dá bhrí sin, ní mór iad a iompórtáil e.g. carranna.

**1ú sochar ar 8 marc (6+2) agus 2ú sochar ar 4 mharc (2+2)**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag rialtas na hÉireann le srian a chur le hearraí iompórtáilte.

**1. Tionscail intíre a chosaint.**
D'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ag tionscail nua dul in iomaíocht le tionscail seanbhunaithe i dtíortha eile agus mar sin d'fhéadfadh an rialtas an rogha a dhéanamh iad a chosaint trí theorainn a chur le hearraí iomaíocha iompórtáilte.

**2. Fostaíocht intíre a chosaint.**
D'fhéadfaí poist Éireannacha a chosaint trí theorainn a chur le hearraí iompórtáilte.

**3. Cosaint a thabhairt in aghaidh gheilleagair 'an tSaothair Shaoir'.**
D'fhéadfadh nach mbeadh cuideachta intíre in ann dul in iomaíocht leis na tíortha sin a fhaigheann a mbuntáiste trí phá íseal a íoc lena gcuid oibrithe. D'fhéadfadh rialtas srian a chur le hearraí iompórtáilte ó na tíortha sin.

**4. Slándáil Náisiúnta.**
D'fhéadfadh leathadh galar ainmhithe, i.e. an galar crúibe agus béil, a bheith mar thoradh ar shaorthrádáil. Le linn géarchéimeanna mar sin, chuir an rialtas toirmeasc ar iompórtáil eallaigh chun an tionscal ríthábhachtach sin a chosaint.

**5. Cearta daonna a chosaint.**
D'fhéadfadh roinnt tíortha smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar na tíortha sin ina dtarlaíonn mí-úsáid ó thaobh cearta daonna.

**6. Earraí straitéiseacha a tháirgeadh.**
Féadfar táirgeadh tráchtearraí áirithe, a mheastar a bheith riachtanach d'fheidhmiú an gheilleagair (i.e. fuinneamh, bia), a chosaint in aghaidh iomaíochta chun leanúnachas soláthair a chinntiú.

**7. Cosc a chur ar dhumpáil.**
D'fhéadfadh an rialtas srian a chur ar thrádáil chun cosc a chur ar dhumpáil de bharr go bhféadfaí an bonn a bhaint de chuideachtaí intíre agus a ndúnta a bheith mar thoradh air sin.

**8. Comhardú na nÍocaíochtaí a Chosaint**
D'fhéadfadh gur mhian le rialtas srian a chur ar earraí iompórtáilte ionas go laghdófaí a chuid earraí iompórtáilte, rud a chosnóidh Comhardú na nÍocaíochtaí agus, mar sin, a chuirfidh cosc air gluaiseacht i dtreo easnaimh.

**1ú cúis ar 8 marc (6+2) agus 2ú cúis ar 4 mharc (2+2)**

(b) Tá sé mar chuspóir ag **Tóstal Éireann 2013 (*The Gathering 2013*)** 325,000 cuairteoir breise a mhealladh go hÉirinn in 2013.

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc eacnamaíochta a d'fhéadfadh daoine a chur san áireamh dá mbeidís ag smaoineamh ar chuairt a thabhairt ar Éirinn in 2013.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste atá le baint ag geilleagar na hÉireann as méadú ar an turasóireacht.

**(24 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc eacnamaíochta a d'fhéadfadh daoine a chur san áireamh dá mbeidís ag smaoineamh ar chuairt a thabhairt ar Éirinn in 2013.

**Praghas / Infhaighteacht iompair aeir**

- D'fhéadfadh an costas a bhaineann le taisteal go hÉirinn, más iomaíoch é, cuairteoirí a spreagadh chun taisteal go hÉirinn.
- Rachadh infhaighteacht táillí ísealchostais aeir chun tairbhe d'Éirinn.
- Dá mhéad iompróirí a eitlíonn chuig an tír seo, is amhlaidh is mó an líon cuairteoirí.

**Praghsanna cóiríochta / bia / costas maireachtála**

- Má tá na praghsanna seo ard i gcoibhneas le tíortha eile, d'fhéadfaidís a bheith ina ndídhreasú chun dul ar saoire anseo.

**Caighdeán na seirbhíse (seirbhísí)**

- Más seirbhís ar ardchaighdeán í an tseirbhís a sholáthraítear, d'fhéadfadh sí níos mó daoine a mhealladh go hÉirinn.
- Má bhraitheann cuairteoirí go bhfuil fáilte rompu, tá sé dóchúil go dtiocfaidh siad ar ais.

**Fógraíocht / Cur Chun Cinn**

- D'fhéadfadh fógraíocht ar an teilifís agus ar líne daoine a mhealladh chun cuairt a thabhairt ar Éirinn.
- Tóstal Éireann 2013.
- D'fhéadfadh an tionscal turasóireachta promóisin speisialta a thairiscint do ghrúpaí éagsúla, e.g. daoine scothaosta.

**An raon seirbhísí / gníomhaíochtaí atá ar fáil**

- D'fhéadfadh óstáin / soláthraithe seirbhíse cláir speisialta a chur ar fáil: cóireálacha spá a dhíríonn ar earnálacha áirithe i.e. saoire do dhaoine singile, do ghalfairí, etc.

**An Ráta Malairte / Luach an euro**

- Is é luach an euro i gcomparáid le dollar na Stát Aontaithe agus leis an bpunt steirling a chinnfidh cé chomh costasach is a bheidh Éire mar cheann scríbe turasóireachta.

**Tír shíochánta**

- Agus coimhlint ar bun i gcinn scríbe thraidisiúnta turasóireachta amhail an Tuirc agus an Éigipt, féachtar ar Éirinn mar thír shíochánta agus d'fhéadfadh sé sin daoine a spreagadh chun Éire a roghnú mar cheann scríbe.

**1ú toisc ar 8 marc (6+2) agus 2ú toisc ar 4 mharc (2+2)**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bhuntáiste atá le baint ag geilleagar na hÉireann as méadú ar an turasóireacht.

1. **Méadú ar an bhfostaíocht**
   Cruthófar tuilleadh post sa tionscal óstán/bialann agus lónadóireachta.
2. **Méadú ar ioncam / GNP**
   Caitheann turasóirí ioncam in Éirinn agus méadaíonn seo an sreabhadh ciorclach ioncaim.
3. **Buntáistí don ghnó**
   Brabúsacht níos fearr do chuideachtaí laistigh den earnáil turasóireachta. Beidh todhchaí nach mbeidh chomh neamhchinnte céanna i ndán d'óstáin, do bhialanna agus do thithe tábhairne agus tiocfaidh méadú ar an éileamh ar a gcuid seirbhísí.
4. **Ioncam cánach**
   Cuirfidh fostaíocht mhéadaithe le hioncam cánach dírí agus cuirfidh caiteachas méadaithe le hioncam cánach indírí.
5. **Cáil níos fearr ar Éirinn**
   D'fhéadfadh daoine a bhain sult as a saoire anseo cabhrú le poiblíocht dhearfach a ghiniúint faoin tír agus, mar sin, níos mó daoine a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar an tír seo.

**1ú buntáiste ar 8 marc (6+2) agus 2ú buntáiste ar 4 mharc (2+2)**

(c) Is sampla é Kerry Group cpt de CIN Éireannach (MNC *i mBéarla*). Tá 23,000 duine fostaithe acu in ionaid déantúsaíochta i 25 thír éagsúla.
(i) Cad dó a seasann na túslitreacha CIN?
(ii) Luaigh CIN **Éireannach amháin** eile.
(iii) Déan plé ar **dhá** shochar atá le baint ag geilleagar na hÉireann as CIN **Éireannacha**. **(25 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha CIN?

Corparáid / **C**uideachta **Il**n**á**isiúnta: **9 marc**

(ii) Luaigh CIN **Éireannach amháin** eile.

- Greencore
- Glanbia **4 mharc**
- Ryanair
- CRH

(iii) Déan plé ar **dhá** shochar atá le baint ag geilleagar na hÉireann as CIN **Éireannacha**.

| **Ráiteas** | **Míniúchán** |
|---|---|
| **Fostaíocht** | Cruthóidh corparáidí ilnáisiúnta (CINanna) na hÉireann fostaíocht go díreach in Éirinn agus mar sin ardaíonn an leibhéal fostaíochta.<br>Bíonn éileamh acu freisin ar fhosheirbhísí agus ba chóir go mbeadh níos mó post sna cuideachtaí a bhíonn á soláthar seo mar gheall air sin. |
| **Méadóidh earraí easpórtáilte** | Táirgeann na cuideachtaí seo a gcuid earraí do na margaí idirnáisiúnta is mó. D'fhéadfadh sé seo staid Chomhardú na nÍocaíochtaí a fheabhsú. |
| **Méadóidh ioncam cánach** | Ba chóir go méadódh ioncam ó cháin ioncaim mar gheall ar an méadú ar an leibhéal fostaíochta.<br>Ba chóir go n-ardódh ioncam ó cháin indíreach mar gheall ar an méadú ar an gcaiteachas a dhéanann na cuideachtaí agus a bhfostaithe.<br>Lena chois sin, baileoidh an stát níos mó ioncaim ó Cháin Bhrabúis Chorparáide. |
| **Méadóidh gníomhaíocht gheilleagrach** | Mar gheall ar earraí easpórtáilte méadaithe, ardóidh an sreabhadh ciorclach ioncaim agus cuideoidh sé seo le fás geilleagrach a spreagadh. |
| **Infheistíocht a mhealladh** | Má bhíonn CINanna na hÉireann brabúsach, d'fhéadfadh sé sin CINanna eachtracha eile a spreagadh chun lonnú anseo agus gnólachtaí na hÉireann a spreagadh chun fairsingiú. |
| **Buntáistí don gheilleagar áitiúil** | Beidh buntáistí i ndán do chuideachtaí sa gheilleagar áitiúil e.g. buntáistí méadaithe do chuideachtaí lónadóireachta, tacsaithe, glantóirí, bialanna, tithe tábhairne, etc. Lena chois sin, d'fhéadfadh na CINanna roinnt amhábhair a fháil ó chuideachtaí áitiúla. |

**1ú sochar ar 8 marc (6+2) agus 2ú sochar ar 4 mharc (2+2)**

## Q8 Coigilteas, Dúnadh banc, Airgeadra agus an Euro

(a) I gCáinaisnéis 2013 méadaíodh ráta CCÚT (DIRT *i mBéarla*) ar choigilteas go 33%.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha CCÚT?

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc, seachas an ráta CCÚT, a chuirfeadh duine sa mheá agus coigilteas á bheartú aige.

(iii) Déan plé ar bhuntáiste eacnamaíoch **amháin** *agus* ar mhíbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a bhaineann le coigilteas do gheilleagar na hÉireann. **(25 marc)**

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha CCÚT?

**C**áin **C**hoinneála ar **Ú**s **T**aisce **7 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc, seachas an ráta CCÚT, a chuirfeadh duine sa mheá agus coigilteas á bheartú aige.

**Leibhéil ráta úis**

- Má mheasann an coigilteoir ionchasach go bhfuil na rátaí úis atá á dtairiscint ag na hinstitiúidí airgeadais íseal, d'fhéadfadh go gcinnfeadh an duine gan airgead a choigilt.
- Má tá an ráta úis níos airde ná an ráta boilscithe, d'fhéadfadh sé sin daoine a spreagadh chun airgead a choigilt.

**Leibhéil ioncaim**

- Dá mhéad é leibhéal ioncaim an duine, is amhlaidh is mó an cumas atá acu airgead a choigilt.

**Leibhéal Boilscithe**

- Bíonn boilsciú ina chúis le laghdú ar an bhfíor-ráta toraidh ar choigilteas.
- Ciallaíonn boilsciú nach mór duit níos mó airgid a chaitheamh chun earraí agus seirbhísí a cheannach. Dá bhrí sin, tá laghdú ar an gcumas atá agat airgead a choigilt.

**Leibhéil Sochair Leasa Shóisialaigh**

- Má chuireann an stát leibhéil an-mhaith sochair leasa shóisialaigh ar fáil, d'fhéadfadh sé sin daoine a dhíspreagadh chun airgead a choigilt, mar go bhfuil a fhios acu go bhfreastalóidh an stát orthu go leordhóthanach.

**Leibhéil chánach**

- Má thagann méadú ar rátaí cánach ioncaim, titeann ioncam indiúscartha agus d'fhéadfadh coigilteas laghdaithe a bheith mar thoradh air sin.
- Laghdóidh tabhairt isteach na gcánacha nua maoine Teaghlaigh ioncam indiúscartha agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le laghdú coigiltis.

**Ionchais Amach Anseo / Muinín as an ngeilleagar**

- Má tá daoine buartha faoi thodhchaí an gheilleagair, d'fhéadfadh go gcaillfí muinín tomhaltóirí agus go gcoigleodh daoine méid níos mó airgid dá bharr.

**Slándáil an choigiltis**

- Níl daoine ag déanamh infheistíochtaí rioscúla mar gheall ar an timpeallacht gheilleagrach faoi láthair agus mar gheall gur fearr leo coigilteas an stáit atá níos sábháilte. Mar gheall ar an staid leanúnach bhaincéireachta tá tomhaltóirí ag iarraidh slándáil níos fearr dá gcoigilteas e.g. "Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta" an Phoist.

**Éilimh ar ioncam indiúscartha**

- Bíonn éilimh níos mó ag daoine níos óige den phobal ar a gcuid ioncaim e.g. morgáistí a aisíoc, agus, dá bhrí sin, bíonn níos lú ioncaim le coigilt acu. D'fhéadfadh go mbeadh a gcuid morgáistí aisíoctha ag daoine níos sine agus, dá bhrí sin, bheadh níos mó ioncam indiúscartha le coigilt acu.

**2 thoisc ar 5 mharc (2+3) an ceann**

(iii) Déan plé ar bhuntáiste eacnamaíoch **amháin** *agus* ar mhíbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a bhaineann le coigilteas do gheilleagar na hÉireann.

| **Buntáiste eacnamaíoch amháin a d'fhéadfadh a bheith ann** | **Míbhuntáiste eacnamaíoch amháin a d'fhéadfadh a bheith ann** |
|---|---|
| **Boilsciú laghdaithe**<br>Mar gheall ar níos lú caiteachais agus ar an éileamh atá ag titim, beidh laghdú ar an mbrú ar phraghsanna, as a n-eascróidh boilsciú níos lú agus a bhféadfadh iomaíochas méadaithe teacht as. | **Caiteachas laghdaithe sa gheilleagar**<br>Déanann daoine a choiglíonn níos mó airgid níos lú airgid a chaitheamh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go laghdódh an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí. |
| **Éileamh laghdaithe ar earraí iompórtáilte**<br>D'fhéadfadh níos lú caiteachais a bheith ina chúis le héileamh laghdaithe ar earraí iompórtáilte, rud a d'fheabhsódh Comhardú na nÍocaíochtaí. | **Méadú ar an dífhostaíocht**<br>Mar gheall ar an éileamh laghdaithe ar earraí agus ar sheirbhísí, beidh laghdú ar an éileamh ar lucht saothair agus méadóidh dífhostaíocht dá bharr. |
| **Níos mó cistí ar fáil le haghaidh infheistíochta**<br>Fágfaidh coigilteas méadaithe go bhfuil níos mó cistí ar fáil in institiúidí airgeadais is féidir le daoine aonair agus le gnólachtaí a fháil ar iasacht. D'fhéadfadh sé seo fás geilleagrach a spreagadh. | **Fás laghdaithe geilleagrach**<br>Má thagann laghdú ar chaiteachas, tagann laghdú ar leibhéal an éilimh chomhiomláin agus laghdóidh sé sin an ráta fáis gheilleagraigh. |
| **Fiachas pearsanta a éascú**<br>D'fhéadfadh coigilteoirí a gcuid coigiltis a úsáid chun leibhéal a gcuid fiachais phearsanta a laghdú sa todhchaí. Bíonn an coigilteas ina urrús tráth a bhíonn éiginnteacht, dífhostaíocht agus cúlú eacnamaíochta ann | |
| **Éilimh amach anseo ar an stát a laghdú**<br>Má thagann méadú ar leibhéil choigiltis, d'fhéadfadh nach gcuirfeadh daoine an oiread céanna éileamh ar an stát le haghaidh tacaíochta sa todhchaí. | |
| **Méadú ar ioncam CCÚT**<br>Má thagann méadú ar an leibhéal coigiltis, tiomsóidh an stát ioncam méadaithe trí CCÚT. | |
| **1 bhuntáiste amháin ar 4 mharc (2+2).** | **1 bhuntáiste amháin ar 4 mharc (2+2)** |

(b) 'Dhún Banc-Aontas Éireann (AIB) 44 brainse i nDeireadh Fómhair 2012 agus tá sé mar chuspóir aige brainse amháin as gach ceithre bhrainse a dhúnadh in 2013.'

(*The Irish Times,* Deireadh Fómhair 2012)

(i) Luaigh agus mínigh cúis **amháin** a bhfuil cuid de bhainc mhóra na hÉireann ag dúnadh brainsí.

(ii) Déan plé ar iarmhairt eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ar dhúnadh na mbrainsí seo do **gach ceann** díobh seo a leanas:

Custaiméirí an bhrainse; Fostaithe an bhrainse; An pobal áitiúil. **(24 marc)**

(i) Luaigh agus mínigh cúis **amháin** a bhfuil cuid de bhainc mhóra na hÉireann ag dúnadh brainsí.

| Ráiteas | Míniúchán |
|---|---|
| **Costais a laghdú** | Tá bainc ag iarraidh a gcuid costais oibriúcháin a laghdú agus cabhróidh dúnadh brainsí le costais a laghdú / brabús a chothú (a mhéadú). |
| **Méadú ar úsáid an Idirlín** | Bíonn tomhaltóirí ag úsáid an Idirlín níos minice agus, mar sin, bíonn níos lú éilimh ar sheirbhísí 'cuntair'. |
| **Dul chun cinn teicneolaíochta** | Mar gheall ar úsáid fón cliste agus gléasanna táibléid, níl gá ag tomhaltóirí a thuilleadh le seirbhísí 'cuntair' agus is féidir leo gach mór-idirbheart a dhéanamh leo féin pé áit a bhfuil siad. |

**1 chúis amháin ar 6 mharc (3+3)**

(ii) Déan plé ar iarmhairt eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ar dhúnadh na mbrainsí seo do **gach ceann** díobh seo a leanas:

| Grúpa | Iarmhairt eacnamaíoch |
|---|---|
| **Custaiméirí** | **1. Caillteanas seirbhíse**<br>D'fhéadfadh go mbeadh ar an gcustaiméir socruithe eile a dhéanamh dá gcuid seirbhísí baincéireachta.<br>**2. Míchaoithiúlacht**<br>Beidh sé níos deacra airgead a thaisceadh / gnó a dhéanamh mar go mbeidh ar chustaiméirí socruithe eile baincéireachta a dhéanamh.<br>**3. Easpa caidrimh leis an mbainisteoir**<br>Ní mór do chustaiméir caidreamh a chruthú le banc nua d'fhonn rótharraingt bhainc / áiseanna iasachtaithe a fháil nuair nach bhfuil aithne phearsanta ag bainisteoir an bhainc orthu. |
| **Fostaithe** | **1. Caillteanas post**<br>D'fhéadfadh roinnt fostaithe a bpost a chailleadh de bharr dhúnadh an bhrainse.<br>**2. Athlonnú / Ath-imlonnú**<br>D'fhéadfaí poist a thairiscint do roinnt fostaithe i suíomh nua, ach mhéadófaí costais/míchaoithiúlacht chun an t-ionad oibre a bhaint amach mar thoradh air seo. |
| **An pobal áitiúil** | **1. Gníomhaíocht laghdaithe gheilleagrach**<br>D'fhéadfadh go ndéanfadh níos lú daoine siopadóireacht / gnó sa cheantar áitiúil agus d'fhéadfadh sé sin gníomhaíocht gheilleagrach a laghdú sa bhaile.<br>**2. Caillteanais Phost**<br>Caillteanais dhíreacha phost i mbainc agus caillteanais phost sna tionscail seirbhíse.<br>**3. Brú méadaithe ar Oifig an Phoist**<br>Agus brainse bainc dúnta, d'fhéadfadh go mbeadh méadú ar an éileamh ar sheirbhísí in oifig áitiúil an phoist, rud a chuirfeadh brú ar sheirbhísí Oifig an Phoist.<br>**4. Baol gada**<br>Níl rochtain ag gnólachtaí áitiúla ar a gcuid banc áitiúil / taisceadán oíche a thuilleadh chun a gcuid fáltais a thaisceadh ann. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh baol méadaithe slándála i gceist dóibh. |
| **1 iarmhairt in aghaidh an ghrúpa ar 6 mharc (3+3) an ceann.** | |

(c) Tá sraith nua de nótaí €5 i gcúrsaíocht ar fud limistéar an Euro de réir mar atá an BCE (ECB *i mBéarla*) ag tosú ar nótaí nua a chur in áit na nótaí bainc a bhí ann roimhe seo.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **BCE**?

(ii) 'Ba chóir don airgead a bheith marthanach.' Mínigh an ráiteas seo **agus** luaigh **dhá cheann eile** de shaintréithe an airgid.

(iii) Tá deacrachtaí á bhfulaingt ag airgeadra an euro le tamall anuas.

- Luaigh agus mínigh buntáiste eacnamaíoch **amháin** a bhaineann leis an euro (€) do gheilleagar na hÉireann.
- Luaigh agus mínigh míbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a bhaineann leis an euro (€) do gheilleagar na hÉireann. ( 26 marc)

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **BCE**?

**An Banc Ceannais Eorpach**. **6 mharc**

(ii) 'Ba chóir don airgead a bheith marthanach.' Mínigh an ráiteas seo agus luaigh dhá cheann eile de shaintréithe an airgid.

Marthanach: **ba chóir dó a bheith in ann a lán láimhsithe a sheasamh.** **4 mharc**

Luaigh **dhá cheann eile** de shaintréithe an airgid: **2 cheann ar 4 mharc an ceann**

- Sách gann
- Iniompartha
- Glactar leis go coitianta
- Aonchineálach
- Inroinnte

(iii) Tá deacrachtaí á bhfulaingt ag airgeadra an euro le tamall anuas.

- Luaigh agus mínigh buntáiste eacnamaíoch **amháin** a bhaineann leis an euro (€) do gheilleagar na hÉireann.
- Luaigh agus mínigh míbhuntáiste eacnamaíoch **amháin** a bhaineann leis an euro (€) do gheilleagar na hÉireann.

| **buntáiste eacnamaíoch amháin a bhaineann leis an euro** | **míbhuntáiste eacnamaíoch amháin a bhaineann leis an euro** |
|---|---|
| **Rátaí ísle úis**<br>Tá tomhaltóirí tar éis tairbhe a bhaint as na rátaí is ísle úis in Éirinn le blianta fada. | **Beartais eacnamaíochta á ndeachtú ag an AE**<br>Cailleann rialtas na hÉireann roinnt dá neamhspleáchas i gcúrsaí eacnamaíochta agus bíonn tionchar níos mó ag an AE ar bheartas eacnamaíochta na hÉireann. |
| **Taisteal Thar Lear**<br>Níl feidhm ag costais mhalairte eachtraí / táillí aistrithe maidir leo siúd atá ag taisteal chuig ballstáit limistéar an euro. | **Tá earraí easpórtáilte ó Éirinn ag brath ar luach an €**<br>Má thagann méadú ar luach an euro, bíonn sé níos deacra earraí a easpórtáil ó Éirinn chuig tíortha lasmuigh de limistéar an euro. |
| **Deiseanna méadaithe trádála**<br>Tá sé níos fusa teacht ar mhargaí eachtracha laistigh de limistéar an euro agus leanann deiseanna níos fearr as sin. | **Comhlíonadh chomhaontuithe an AE**<br>Chun leanúint de bheith ina ball den euro, ní mór d'Éirinn a heasnamh a laghdú agus treoracha agus rialacháin an AE a chomhlíonadh. |
| **Riosca malairte díchurtha /**<br>**Íocaíocht níos éasca i gcomhair trádála.**<br>Ní dhéantar aon díluacháil ná athluacháil agus tagann cinnteacht mhéadaithe i dtrádáil idirnáisiúnta as sin. Toisc nach bhfuil feidhm ag táillí aistrithe maidir le trádáil laistigh de limistéar an euro, is féidir íocaíochtaí níos gasta a dhéanamh. | **Caillteanas gnólachtaí**<br>Mar gheall ar theacht chun cinn na limistéar níos saoire déantúsaíochta laistigh de limistéar an euro, tá roinnt gnólachtaí tar éis athlonnú chuig na limistéir sin, rud as ar tháinig dúnadh agus caillteanais phost laistigh de gheilleagar na hÉireann. |
| **Comparáid praghsanna**<br>Tagann follasacht níos fearr as comparáid praghsanna laistigh de gach ballstát i limistéar an euro. | |
| **1 bhuntáiste amháin ar 4 mharc (2+2).** | **1 bhuntáiste amháin ar 4 mharc (2+2)** |

Leathanach Bán